



Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

Coimisiún
an Chúlchiste
Náisiúnta Pinsean

*Tuarascáil Bhliantúil
agus Ráitis
Airgeadais*

2014





Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

An 30 Meitheamh 2015

An tUasal Michael Noonan, T.D.,
An tAire Airgeadais,
Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2

A Aire, a chara,

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 a chur faoi do bhráid.

Is mise, le meas,

Conor O'Kelly
Coimisinéir

Clár na nÁbhar

Tuarascáil an Choimisiúin 3

Focal ón gCoimisinéir	4
Achoimre Fheidhmeach	5
Forbairtí ó thaobh na Reachtaíochta de	7
Straitéis Infheistíochta	8
Athbhreithniú ar na Margáí	9
Feidhmíocht	11
An Phunann Lánroghnach – Sócmhainní Domhanda	14
An Phunann Lánroghnach – Sócmhainní Éireannacha	15
An Phunann Threoraithe	18
Infheistíocht Fhreagrach	20
Riosca, Maoirseacht, agus Rialuithe	23
Rialachas	25
Táillí agus Costais	27

Na Ráitis Airgeadais	29
----------------------	----

Focal ón gCoimisinéir



Is sa bhliain 2014 a d'athraigh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP" nó an "Ciste"), a bhí ina chiste éagsúlaithe go domhanda, ina chiste infheistíochta straitéisí ar a dtugtar Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann ("CISÉ"). Is ciste nua é an ciste sin a bhfuil sé mar aidhm aige **infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn.**

Rinneadh an tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014 ("an tAcht um GBCN") a achtú i mí Iúil 2014. Chuir an tAire Airgeadais a lámh le hordú um thosach feidhme le deireadh a chur le sainordú infheistíochta CNP agus le CISÉ a chur ar bun an 22 Nollaig 2014.

AN PHUNANN LÁNROGHNACH

Ba é luach na Punainne Lánroghnaí ar an 21 Nollaig 2014 ná €7.1 billiún, ar suim é a léiríonn méadú €319 milliún (4.6 faoin gcéad) i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2013. D'imir 'Straitéis an Chiste um Chaomhnú Caipitil' tionchar ar an toradh seo, a chuir teorainn leis an neamhchosaint ar fheidhmíocht an mhargaidh cothromais. Is fearr a d'éirigh leis an bPunann Lánroghnach ná toradh cúig bliana Fhíachas Rialtas na hÉireann i gcaitheamh 2014 (3.6 faoin gcéad), rud arb é an táscaire feidhmíochta is oiriúnaí é. D'éirigh leis an CNP toradh bliantúlaithe de 4.0 faoin gcéad a bhaint amach ó cuireadh ar bun é sa bhliain 2001.

AN PHUNANN THREORAITHE

Ba é luach na Punainne Treoraithe ar an 21 Nollaig 2014 ná €15 billiún, ar suim é a léiríonn méadú €1.9 billiún (15.0 faoin gcéad) i gcomparáid leis an 31 Nollaig 2013. D'éascair an toradh seo as an mbordadh a tháinig faoi luach shealúchas an Chiste i mBainc-Aontas Éireann ("AIB") agus i mBanc na hÉireann.

FOIRCEANNADH AN CHOIMISIÚIN

Cuireadh deireadh le sainordú infheistíochta CNP ar an 22 Nollaig 2014 tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha den Acht um GBCN agus ní raibh i gCoimisiún CNP ("an Coimisiún") ina dhiaidh sin ach aon Choimisinéir amháin, .i. Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("GBCN"). Tá de dhualgas reachtúil ar an gCoimisiún a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach a aistriú ó CNP chuig CISÉ.

Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil le hiar-chomhaltaí an Choimisiúin as a gcuid sáioibre, tiomantais, agus díograise le himeacht na 15 bliana a bhí CNP ar an bhfód – is mar thoradh ar an méid a rinne siadsan agus ar an saineolas atá acu gur tháinig CNP slán as tréimhsí ina raibh na margaí an-luaineach go deo, agus gur féidir linn CNP a úsáid anois leis an mbealach a réiteach do bhunú CISÉ, ar ciste nua é a bhfuil sainordú infheistíochta atá dírithe ar Éirinn aige.

Conor O'Kelly
Coimisinéir
An 30 Meitheamh 2015

Achoimre Fheidhmeach

An 22 Nollaig 2014 chuir an tAire Airgeadais a lámh le hordú um thosach feidhme lenar cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun, rud a tháinig in ionad an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) agus a bhfuil mar aidhm aige infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. Is ar an lá seo a cuireadh deireadh le gníomhaíocht infheistíochta CNP i ndáiríre.


An 22 Nollaig 2014 aistríodh na sócmhainní uile de chuid CNP a bhí faoi rialú dlí na hÉireann trí fheidhmiú dlí ó Choimisiún CNP chuig GBCN (tráth ar athraigh siad ina sócmhainní de chuid CISÉ) agus tháinig deireadh le sainordú infheistíochta CNP. Níl ach aon choimisinéir amháin (.i. Príomhfheidhmeannach GBCN) i gCoimisiún CNP ó shin i leith, duine a n-éilítear air leis an Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill chuig CISÉ. Tá aistriú na sócmhainní seo nach bhfuil in Éirinn, sócmhainní neamhleachtacha agus suimeanna inghnóthaithe cánach siarchoinneálaí go háirithe, níos casta fós toisc go mbeidh orainn dul i gcomhar le contrapháirtithe eachtracha. Tá an t-aistriú ar bun faoi láthair agus táthar ag súil leis go mbeidh an próiseas nach mór críochnaithe faoi lár na bliana 2015, cé go bhfuil seans ann go dtógfaidh sé níos mó ama plé le roinnt de na suimeanna inghnóthaithe cánach siarchoinneálaí.

Tá foráil déanta san Acht um GBCN d'athruithe ar struchtúir rialachais GBCN, rud a chiallaíonn gurb iad bord nua uileghabhálach GBCN (an "Ghníomhaireacht") agus a Choiste Infheistíochta a bheidh freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar CISÉ agus as a bhainistiú. Is é ról GBCN sócmhainní CISÉ a rialú agus a bhainistiú.

Ba é luach CNP tráth a aistrithe chuig CISÉ ar an 22 Nollaig 2014 ná €22.1 billiún.

- Ba é luach na Punainne Lánroghnaí, .i. infheistíochtaí a raibh Coimisiún CNP freagrach astu roimh ré, ná €7.1 billiún.
- Ba é luach na Punainne Treoraithe, .i. na hinfeistíochtaí a rinneadh i mBainc-Aontas Éireann (AIB) agus i mBanc na hÉireann ar chúiseanna beartais phoiblí de réir threoir an Aire Airgeadais agus fáltais áirithe in airgead tirim ó dhíol páirteach sócmhainní den sórt sin, ná €15.0 billiún.

Cairt 1:
Miondealú ar an gCiste ar an 21 Nollaig 2014




Tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha den Acht um GBCN ar an 22 Nollaig 2014, dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fós ag CNP chun críocho na cuntasaiochta agus tá siad aitheanta agus curtha i láthair anois mar chuid de Ráitis Airgeadais CISÉ de réir na gcaighdeán cuntasaiochta.

Ba é an toradh iomlán ar CNP ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 21 Nollaig 2014 ná 11.4 faoin gcéad. Bhí i gceist leis seo:

- An Phunann Lánroghnach: 4.6 faoin gcéad
- An Phunann Treoraithe: 15.0 faoin gcéad

Ó cuireadh CNP ar bun i mí Aibreáin 2001 go dtí gur tháinig deireadh lena shainordú infheistíochta ar an 22 Nollaig 2014, d'éirigh leis an bPunann Lánroghnach toradh bliantúlaithe de 4.0 faoin gcéad a bhaint amach.

Cairt 2:**Feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí ó cuireadh ar bun í**

Nóta 1: An tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 22 Nollaig 2014

Forbairtí ó thaobh na Reachtaíochta de

Cuireadh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean ar bun sa bhliain 2001 de bhun an *Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* d'fhonn cur leis an gcóras poiblí pinsean a bhí ag feidhmiú ar bhonn "íoctar mar a théitear ar aghaidh" ag an am. Is é Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean a rinneadh é a rialú agus a bhainistiú trí GBCN mar bhainisteoir an Chiste.

Bhí dearcadh fadtréimhseach i gceist le CNP ós rud é gurb é an cuspóir straitéiseach a bhí leis ná costais na bpinsean leasa shóisialta agus seirbhíse poiblí a chlúdach, oiread agus is féidir, ón mbliain 2025 ar aghaidh go dtí an bhliain 2055 ar a luaithe. Thug an Státchiste suim, arbh ionann í agus 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta, do CNP gach bliain. Éillíodh ar an gCiste leis an sainordú infheistíochta seo an toradh airgeadais is fearr agus is féidir a bhaint amach ar chuntar go mbeadh leibhéal an riosca inghlactha don Choimisiún. Chuir an Coimisiún a straitéis infheistíochta i bhfeidhm trí phunann a bhí éagsúlaithe ar bhonn domhanda, a chuimsigh gnáthscuireanna luaite, bannaí, réadmhaoin, cothromas príobháideach, tráchtarraí agus cistí dearbhthorthaí.

AN GHÉARCHÉIM EACNAMAÍOCHTA

In 2009 rinne an tAire Airgeadais cinneadh úsáid a bhaint as cuid de shócmhainní CNP d'fhonn an lámh in uachtar a fháil ar an ngéarchéim eacnamaíochta in Éirinn agus rinneadh an *tAcht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009* ("Acht 2009") a achtú dá bhri sin.

In 2009 agus 2010 thug an tAire Airgeadais treoir do CNP, de bhun Acht 2009, €10.7 billiún a infheistiú in AIB agus i mBanc na hÉireann. Ag druidim le deireadh mhí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go gcuirfeadh CNP suas le €10 billiún eile de chionroinnt €17.5 billiún an Stáit ar fáil do Chlár Tacaíochta Airgeadais AE/IMF d'Éirinn, arbh fhiú €85 billiún é.

Rinneadh an *tAcht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010* a achtú i mí na Nollag 2010, rud lena ndearnadh leasú suntasach ar an reachtaíocht a rialaigh CNP. Chuir an tAire Airgeadais ranníocaíochtaí an Státchiste le CNP ar fionraí go dtí deireadh na bliana 2013 dá éis sin.

Tar éis don Aire treoir a thabhairt cúram Aire a dhéanamh in AIB agus i mBanc na hÉireann ar an gcéad dul síos, agus ós rud é nach raibh feidhm ag polasaí reachtúil infheistíochta an Choimisiúin ar na hinfeistíochtaí treoraithe san earnáil bhaincéireachta, bheartaigh an Coimisiún CNP a dheighilt

ina dhá chuid d'fhonn a bhainistiú a éascú – .i. an Phunann Lánroghnach (na hinfeistíochtaí a raibh an Coimisiún fós freagrach astú) agus an Phunann Threoraithe (na hinfeistíochtaí a rinneadh tar éis don Aire Airgeadais treoir a thabhairt don Choimisiún amhlaidh a dhéanamh).

Tá infheistithe ag CNP €20.7 billiún in AIB agus i mBanc na hÉireann de bhun threoir an Aire Airgeadais – €10.7 billiún ar an gcéad dul síos agus €10 billiún eile in 2011. Lean an Coimisiún ar aghaidh ag bainistiú an chuid eile de na sócmhainní, .i. an Phunann Lánroghnach, de réir a pholasaí reachtúil infheistíochta.

Ba é luach iomlán CNP nuair a tháinig a shainordú chun deiridh ar an 22 Nollaig 2014 ná €22.1 billiún, a chuimsigh €7.1 billiún sa Phunann Lánroghnach agus €15.0 billiún sa Phunann Threoraithe.

CISTE INFHEISTÍOCHTA STRAITÉISÍ NA HÉIREANN (CISÉ)

I Meán Fómhair 2011, d'fhógair an Rialtas go raibh sé beartaithe aige Ciste Infheistíochta Straitéisí a chur ar bun a bhainfeadh leas as acmhainní CNP, tar éis athruithe iomchuí a dhéanamh ar an reachtaíocht rialála, chun infheistíochtaí a dhéanamh i réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo ar mhaithe le Geilleagar na hÉireann amach anseo.

Rinneadh na hathruithe reachtaíochta sin san Acht um GBCN agus cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun, rud a bhfuil mar aidhm aige infheistíocht a dhéanamh ar bhonn tráchtála d'fhonn tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostaíocht in Éirinn. An 22 Nollaig 2014 aistríodh na sócmhainní uile a bhí faoi rialú dhlí na hÉireann ón gCoimisiún chuig GBCN uathu féin (tráth ar athraigh siad ina sócmhainní de chuid CISÉ) agus tháinig deireadh le sainordú infheistíochta CNP. Laghdaíodh líon chomhaltai an Choimisiúin leis an Acht um GBCN, a rinneadh a achtú ar an 28 Iúil 2014, agus ní raibh sa Choimisiún ina dhiaidh sin ach aon Choimisinéir amháin, .i. Príomhfheidhmeannach GBCN. Áireofar in CISÉ chomh maith Punann Threoraithe CNP, rud a fhanfaidh faoi threoir an Aire Airgeadais.

Cur chuige nua i leith infheistiú is ea sainordú déchuspóireach CISÉ – .i. toradh ar infheistíochtaí agus dea-thionchar ar an ngeilleagar – lena n-éileofar ar gach infheistíocht torthaí a ghiniúint agus dea-thionchar a imirt ar gheilleagar na hÉireann.

Straitéis Infheistíochta

Sular cuireadh tús leis an bpósa reachtaíochta lenar cuireadh CISE ar bun, rinne an Coimisiún iarracht comhlíonadh a dhualgais reachtúil féin a chur ar aon dul le haidhm an Rialtais le hinfheistiú in Éirinn a mhéadú.

AN STRAITÉIS UM CHAOMHNÚ CAIPITIL

Cuireadh gné shuntasach um chaomhnú caipitil le straitéis infheistíochta CNP d'fhonn tacú leis an aidhm seo. D'éirigh leis an straitéis um chaomhnú caipitil sin luaineacht CNP a laghdú agus chinntigh sí nár laghdaigh gluaiseachtaí móra margaidh go míchuí na méideanna a bhí ar fáil le hinfheistiú in Éirinn. Rinneadh é seo trí riosca gnáthscaireanna sa phunann a laghdú trí na gnáthscaireanna féin a dhíol, trí chéadroganna ar dhíol gnáthscaireanna a eisiúint, agus trí athruithe a dhéanamh ar struchtúr neamhchosanta an Chiste ar ghnáthscaireanna.

Ina theannta sin, rinneadh próifíl leachtachta CNP a bhainistiú d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí infheistíochtaí a réadú de réir mar ba ghá le hinfheistíochtaí Éireannacha a mhaoiniú, agus le solúbthacht a thabhairt do lucht rialaithe CISE i dtaobh straitéis infheistíochta iomchuí a chur i bhfeidhm. Bhí i gceist leis an bpróiseas bainistíochta leachtachta roinnt mhaith d'infheistíochtaí cothromais phríobháidigh an Chiste ar fud an domhain a dhíol.


TEORAINN LE CEANGALTAIS ÉIREANNACHA

Sular cuireadh CISE ar bun, chreid an Coimisiún, agus é ag cur infheistiú in Éirinn faoi chaibidil, go raibh deiseanna tarraingteacha infheistíochta ann de dheasca an ghanntanais caipitil. Sa chomhthéacs sin, i ndiaidh dó an t-ábhar a chur faoi chaibidil i dtosach i mí Mheán Fómhair 2011 agus é aireach ar na freagrachtaí reachtúla a bhí air brabús fadtéarmach a uasmhéadú faoi réir rioscaí a bheadh inghlactha dó, tháinig an Coimisiún ar thuairim in 2012 go bhféadfadh suas le 20% den Chiste a chur i leataobh d'infheistíochtaí tráchtála in Éirinn chun leas a bhaint as na deiseanna sin. Faoin 21 Nollaig 2014 bhí €1.4 billiún, nó 20 faoin gcéad den Phunann Lánroghnach, curtha i leataobh d'infheistíochtaí Éireannacha.

Athbhreithniú ar na Margáí

Chuaigh na margáí sna Stáit Aontaithe agus san Eoraip ar mhalairt slí in 2014, tráth ar thosaigh na margáí sna Stáit Aontaithe ag éirí ní ba ghéire agus na margáí san Eoraip ag maolú. Déirigh go measartha maith le gnáthscaireanna i margáí forbartha ar an iomlán. Lean an bullamhargadh ilbhlianta sna Stáit Aontaithe ar aghaidh agus baineadh torthaí dearfacha amach sna margáí Eorpacha, cé nach raibh na torthaí seo thar mholadh beirte ar chor ar bith. Bíodh sin mar atá, tháinig laghdú suntasach ar phraghas na hola i gcaitheamh na bliana (Cairt 3).


Cairt 3:
Brent Oil \$/bairille



Foinse: Bloomberg

Bhí na polasaithe airgeadaíochta dhifriúla ar ghabh Limistéar an Euro agus na Stáit Aontaithe leo ina gcúis leis an Dollar a luachmhéadú agus an Euro a luachlaghdú (Cairt 4) sa dara leath den bhliain (ó bhuaicphointe USD \$1.38 go dtí USD \$1.22 faoi dheireadh na bliana). Baineadh toradh bliantúil 20.1 faoin gcéad amach ar ghnáthscaireanna domhanda in Euro i gcomparáid le 5.5 faoin gcéad i nDollair. Ina ainneoin sin, is iad na Stáit Aontaithe a bhí taobh thiar den fhás domhanda den chuid ba mhó agus ba í an bhliain 2014 an bhliain ba láidre a bhí acu ó thosaigh a dtéarnamh geilleagrach. Níor éirigh go maith le formhór na réigiún eile, ámh.

Cairt 4:
Ráta Malairte USD/EUR



Foinse: Bloomberg

AN EORAIP

Is mar gheall gur lag a bhí téarnamh Limistéar an Euro i gcaitheamh 2014 gur tháinig méadú ar an mbrú a bhí á chur ar an mBanc Ceannais Eorpach Éascú Cainníochtúil ("ÉC") iomlán a chur i bhfeidhm toisc go raibh na margáí den tuairim gur theip ar chláir ceannaithe sócmhainní eile dá chuid dlús imleor a chur faoi na margáí. Ag druidim le deireadh na bliana chreid na margáí gur chinnte go bhfógrófaí a leithéid de chlár agus thit na torthaí ar bhannaí i dtobainne chuig na leibhéil ab ísle riamh ar fud an limistéir airgeadra. Bhíothas ag súil leis go gcuirfeadh laige an Euro in aghaidh an dollair agus praghas íseal na hola borradh faoi na margáí ag tús 2015, ach is é fírinne an scéil gur éirigh daoine inmíoch go mbeadh laige an ráta boilscithe ina cúis le tréimhse fhaidréiseach díbhoilscithe.

Bliain thar na bearta ba ea an bhliain 2014 i dtaobh théarnamh na hÉireann ós rud é gurbh é geilleagar na hÉireann an geilleagar ba thapúla fás i Limistéar an Euro. Is beag nár tháinig feabhas ar an ngeilleagar ar gach uile bhealach i rith na bliana; laghdaigh an ráta dífhostaíochta go dtí 10.6 faoin gcéad agus mhéadaigh an fíor-ráta olltáirgeachta intíre 4.8 faoin gcéad. Laghdaigh na torthaí ar bhannaí 10 mbliana Rialtas na hÉireann ó 3.5 faoin gcéad go dtí 1.2 faoin gcéad agus mhéadaigh Stocmhargadh na hÉireann 15.1 faoin gcéad.

Ní raibh na sonraí eacnamaíochta ó Limistéar an Euro chomh dearfach sin, áfach. Laghdaigh an ráta dífhostaíochta go mall agus bhí sé ard go leor go fóill, le neart acmhainne le cois. Laghdaigh an ráta boilscithe i dtreo an díbhoilscithe ag deireadh na bliana. D'fhás Limistéar an Euro 0.9 faoin gcéad sa bhliain agus bhí toradh 2.1 faoin gcéad ar innéacs cothromais MSCI EMU.

STÁIT AONTAITHE MHEIRICEÁ

Bhí an bhliain ba láidre ag na Stáit Aontaithe ó thit an ghéarchéim eacnamaíochta amach ar an gcéad dul síos agus d'fhás a gheilleagar 2.4 faoin gcéad. De bharr go raibh na margáí ní ba mhuiníní as bun-neart an gheilleagair, níor tharla aon 'spadhar barrchaolaithe', mar a tharla in 2013, mar thoradh ar an gclár um éascú cainníochtúil a theacht chun deiridh, agus d'iompaigh na margáí ar a mheas cén uair a thosódh na rátaí ag méadú in athuair. Cruthaíodh ní ba mhó post i rith 2014 ná in aon bhliain eile le 15 bliana anuas. Lean an ráta dífhostaíochta, 5.6 faoin gcéad, ar aghaidh ag laghdú, cé gur lag a bhí na méaduithe pá.

Laghdaigh na torthaí ar bhannaí Státchiste na Stát Aontaithe 0.47 faoin gcéad sa bhliain, go dtí 2.17 faoin gcéad, bíodh is go raibh siad an-luaineach ar fad sa chaoi ar mhéadaigh siad seo go dtí 3.04 faoin gcéad agus ar laghdaigh siad go dtí 1.87 faoin gcéad ag amanna éagsúla le linn na bliana. Fás lag domhanda agus imní faoi ráta íseal boilscithe ba chúis leis seo, chomh maith le machnamh a lean ar aghaidh ar cén uair a mhéadófaí an ráta úis.

Nearthaigh an dollar go géar in aghaidh fhormhór na n-airgeadraí eile i rith na bliana agus bhí toradh 11.4 faoin gcéad ar innéacs cothromais S&P 500.

AN TSEAPÁIN

Lean polasaí fíoscach agus airgeadaíochta Rialtas na Seapáine ar aghaidh, cé go raibh cuma ar an scéal nach raibh ag éirí leis ós rud é gur thosaigh an geilleagar ag cúlú arís in 2014. Bíodh sin mar atá, d'fhógair Banc na Seapáine méadú nach raibh aon choinne leis ar mhéid a chláir um éascú cainníochtúil, a bhí an-mhór cheana féin, rud ba chúis le biseach a theacht ar na margáí (Nikkei +17.0 faoin gcéad) agus le titim mhór a theacht ar an yen in aghaidh an dollair.

MARGAÍ ÉIRITHEACHA

Bhí na margáí éiritheacha thuas seal, thíos seal in 2014; lean fás na Síne ag moilliú, bhuaíl smachtbhannaí an Rúis go dona, agus bhí fíorchúlú eacnamaíochta ann sa Bhrasaíl. Cé go raibh an ráta fáis fós ard go leor i roinnt mhaith réigiún, go háirithe i gcomparáid le margáí forbartha, bhí sciar mór den fhás sin spleách ar phraghsanna tráchtarraí, a bhí luaineach i rith na bliana, ach amháin i gcás na hola, agus ar an dollar a bhí ag luachmhéadú, rud a chuir isteach ar na tíortha sin a n-ainmníonn a gcuid fiachais san airgeadra sin. I measc na bhforbairtí dearfacha a bhí ann le linn na bliana bhí athchóirithe nua a thug rialtais na hIndia agus na hIndinése isteach. Tháinig laghdú 2.19% ar Innéacs Caipitil Margáí Éiritheacha Morgan Stanley in 2014.

Feidhmíocht

Tuairiscítear an fheidhmíocht ar thrí leibhéal: (i) an Phunann Lánroghnach - a raibh an Coimisiún freagrach as a infheistiú roimh an 22 Nollaig 2014, (ii) an Phunann Threoraithe - na hinfheistíochtaí a rinneadh in AIB agus i mBanc na hÉireann ar chúiseanna beartais phoiblí de réir threoir an Aire Airgeadais, agus (iii) luach iomlán an Chiste.


Amhail ar an 21 Nollaig 2014, ba é luach na Punainne Lánroghnaí ná €15.0 billiún agus ba é luach na Punainne Treoraithe ná €7.1 billiún. Bhí luach iomlán an Chiste cothrom le €22.1 billiún.

AN PHUNANN LÁNROGHNACH

Ghin an Phunann Lánroghnach toradh 4.6 faoin gcéad i rith na bliana go dtí an 21 Nollaig 2014. Tháinig méadú €319 milliún ar a luach le himeacht na tréimhse seo.

Bhí an Straitéis um Chaomhnú Caipitil, a leanann ar aghaidh, ina cúis leis an luaineacht a laghdú ach le deis a thabhairt dúinn a bheith páirteach go teoranta i bhfeidhmíocht an mhargaidh cothromais chomh maith. Tá léirithe i gCairt 5 an méadú seasta a tháinig ar luach na Punainne Lánroghnaí i rith na bliana.

Cairt 5: Luach na Punainne Lánroghnaí i rith 2014



Tábla 1: Taobh thiar den toradh ar an bPunann Lánroghnach (An 1 Eanáir – 21 Nollaig 2014)

D'fhéadfadh sé nach réiteofaí na figiúirí de bharr slánúcháin.

Aicme Sócmhainne	Toradh ar an Aicme Sócmhainne	Méid a Cuireadh le Toradh na Punainne Lánroghnaí ¹
Gnáthscaireanna ²	15.5%	2.7%
Bonneagar	25.0%	1.2%
Ioncam Seasta	9.8%	1.6%
Cistí dearbhthoraidh	10.4%	0.4%
Réadmhaoin	12.3%	0.5%
Cothromas príobháideach	30.8%	0.6%
Tráchtarraí agus foraoiseacht	-20.0%	-0.9%
Fálú ar airgeadraí		-1.4%
Airgead tirim agus a chomhionann	0.0%	0.0%
Iomlán		4.6%

Nótaí

- Riomhtar é seo ach % an ualaigh laistigh den Phunann Lánroghnach agus fáiltas gach aicme sócmhainne a iolrú agus a chumasc gach lá.
- Tá céadroghanna ar innéacs cothromais a dhíol san áireamh

Le linn 2014 ba iad na gnáthscaireanna a chuir an méid ba mhó le feidhmíocht an Chiste agus ba é fálú an Chiste ar airgeadraí a bhain an méid ba mhó di.

- Chuir punanna cothromais an Chiste 2.7 faoin gcéad leis an bhfáltas. Bhí céadroghanna ar dhíol ag an gCiste ó thús deireadh na bliana d'fhonn cosaint in aghaidh aon laghdaithe shuntasacha a d'fhéadfadh teacht ar na margáí cothromais.
- D'éirigh go han-mhaith leis an infreastruchtúr i rith 2014 agus cuireadh 1.2 faoin gcéad le feidhmíocht an Chiste mar thoradh air. Punann infreastruchtúr a bhí bainistithe

go héighníomhach agus liostaithe go domhanda a bhí i sealúchais infreastruchtúir an Chiste, chomh maith le roinnt infreastruchtúir Éireannaigh.

- D'éirigh go maith leis an ioncam seasta de bharr gur lean na torthaí ar bhannaí ainmniúla ag titim. Chuir punanna ioncain sheasta an Chiste 1.6 faoin gcéad le fáltas an Chiste. Ní raibh ag an gCiste aon bhannaí Rialtais a bhí ainmniúil ná nasctha le boillsciú, ach bhí dhá phunann bannaí corparáide i Limistéar an Euro aige, chomh maith le roinnt bannaí agus iasachtaí Éireannacha.
- Bhí infheistíochtaí ag an gCiste i dtrí chiste dearbhfháltais, a bhfuil sé mar aidhm acu fáltas dearfach a fháil beag beann ar threo an mhargaidh. D'éirigh go maith leis na hinfeistíochtaí seo agus chuir siad 0.4 faoin gcéad le fáltas an Chiste le himeacht na tréimhse.
- Laghdaigh leithdháileadh réadmhaoine an Chiste i rith na bliana de réir mar a réadaíodh infheistíochtaí domhanda réadmhaoine, rud a chuir 0.5 faoin gcéad le feidhmíocht an Chiste.
- Is é an cothromas príobháideach a bhí taobh thiar den dearbhfháltas ab airde, .i. 30.8 faoin gcéad, rud a chuir 0.6 faoin gcéad leis an bhfeidhmíocht.
- Laghdaigh tráchtearraí -12 faoin gcéad sa 4ú Ráithe toisc gur cuireadh an-chuid ola ar díol ag an am sin, agus nuair a chuirtear neamhchosaint an Chiste ar an bhforaoiseacht, bhain siad 0.9 faoin gcéad den fheidhmíocht.
- Is é polasaí foriomlán an Chiste (le roinnt eisceachtaí) 50 faoin gcéad de na hinfeistíochtaí nach bhfuil in Euro a fháil, cé gur athraíodh céatadán an fhálaithe seo agus laghdaíodh é ar feadh cuid den bhliain ós rud é go rabhthas ag súil go dtiocfadh laghdú ar an Euro. Bhain an fálú airgeadra 1.4 faoin gcéad d'fheidhmíocht an Chiste de bharr gur thit luach an Euro in aghaidh an dollair, a raibh an bhliain ab fhéarr aige ón mbliain 2005 i leith.
- Fuarthas rátaí nialasacha úis ar infheistíochtaí airgid thirim an Chiste agus cuireadh straitéisí feabhsaithe torthaí airgid i bhfeidhm, cistí bannaí agáí sárghearra agus billí státchiste flaitiúnais ina measc. Fuarthas fáltas 0.0 faoin gcéad ar an iomlán ar na sócmhainní airgid thirim, a mhéadaigh i rith na bliana.


TAGARMHARC

D'éirigh 'an Tagarmharc Fadtréimhseach Straitéiseach', a gcuirtear an Ciste i gcomparáid leis go traidisiúnta, ní ba lú ábharthacht mar thagarmharc feidhmíochta tar éis an Straitéis um Chaomhnú Caipitil a chur i bhfeidhm in 2011. Tá measta ó shin i leith go bhfuil tagarmharc tánaisteach an Chiste, .i. an meántoradh leanúnach ar fhiachas 5 bliana an Rialtais, níos oiriúnaí.

Ba í feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí in 2014 ná 4.6 faoin gcéad agus ba é an meántoradh ar fhaichas 5 bliana Rialtas na hÉireann in 2014 ná 1.0 faoin gcéad, rud a fhágann gur ghnóthaigh an Phunann Lánroghnach 3.6 faoin gcéad ní b'fhéarr ná an tagarmharc seo.

Cairt 6:

An Toradh ar Fhiachas 5 Bliana Rialtas na hÉireann



Ó CUIREADH AR BUN É

Ó cuireadh CNP ar bun in 2001, tá bainte amach ag an bPunann Lánroghnach feidhmíocht bhliantúlaíthe 4.0%.

Ó cuireadh an Straitéis um Chaomhnú Caipitil i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2011 go dtí an 21 Nollaig 2014, d'éirigh leis an bPunann Lánroghnach toradh bliantúlaíthe 6.1% a bhaint amach. Ba é meánchostas fhiachas an Rialtais ná 3.7% i rith na tréimhse seo. Ba é an Praghsinnéacs Tomhaltóirí le himeacht na tréimhse ón 30 Meitheamh 2011 go dtí an 31 Nollaig 2014 ná 0.7% in aghaidh na bliana.

AN PHUNANN THREORAITHE

Ba é luach na Punainne Treoraithe ar an 21 Nollaig 2014 ná €15 billiún. Méadú 15.0 faoin gcéad ba ea é sin i gcaitheamh na tréimhse ón 31 Nollaig 2013.

IOMLÁN AN CHISTE

Ba é toradh iomlán an Chiste, .i. na Punanna Lánroghnacha agus Treoraithe araon, ná 11.4 faoin gcéad le himeacht na tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 21 Nollaig 2014.

An Phunann Lánroghnach – Sócmhainní Domhanda

CAOMHNÚ CAIPITIL

I bhfianaise na n-athruithe ar an reachtaíocht agus in oirchill ar sheoladh CISE, rinne athrú suntasach ar leithdháileadh sócmhainní CNP mar thoradh ar an Straitéis um Chaomhnú Caipitil a cuireadh i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2011. Cuireadh an Straitéis um Chaomhnú Caipitil i bhfeidhm d'fhonn cothromaíocht iomchuí a bhaint amach idir (i) leanúint den toradh a uasmhéadú faoi réir leibhéil iomchuí riosca de réir shainordú infheistíochta reachtúla an Chiste, agus (ii) a aithint gur mhian le páirtithe leasmhara an Chiste an Ciste a athdhírú ar Éirinn.

Úsáideadh roghanna cothromais mar aon le díol cuid de shuíomhanna cothromais an Chiste chun an Straitéis um Chaomhnú Caipitil a chur i bhfeidhm. Rinneadh monatóireacht ar an straitéis ar bhonn leanúnach lena chinntiú go raibh sí á cur i bhfeidhm ar bhealach chomh cost-éifeachtúil agus ab fhéidir, agus rinneadh athruithe ar an straitéis in 2014 a bhí ag teacht leis seo. Bhí ualú cothromais an Chiste laghdaithe go dtí 25 faoin gcéad amhail ar an 21 Nollaig 2014. Bhí céadroghanna ar dhíol de luach €30 milliún ag an gCiste chomh maith, a bhí ina gcosaint ghinearálta ar an neamhchosaint €1.5 billiún ar ghnáthscaireanna.

LEACHTAIGHT

Rinneadh próifíl leachtachta CNP a bhainistiú d'fhonn a chinntiú go bhféadfaí infheistíochtaí a réadú de réir mar ba ghá le hinfeistíochtaí Éireannacha a mhaoiniú de réir shainordú CISE, agus le solúbthacht a thabhairt do CISE i dtaobh straitéis infheistíochta iomchuí a chur i bhfeidhm. Bhí i gceist leis an bpróiseas bainistíochta leachtachta cuid shuntasach d'infheistíochtaí cothromais phríobháidigh dhomhanda agus réadmhaoine CNP a réadú i gcaitheamh 2013 agus 2014, agus sciar maith de na sócmhainní a bheadh inréadaithe ar ísealchostas beartaíochta agus laistigh d'achar gairid a choinneáil i seilbh.

Níl aon infheistíocht déanta ag an gCoimisiún a laghdódh leachtacht an Chiste ó 2011 i leith (seachas infheistíochtaí a bhí dírithe ar Éirinn).

Amhail ar an 21 Nollaig 2014 measadh go raibh €5.0 billiún (2013: €4.7 billiún) i sócmhainní ag an gCiste a bhí inréadaithe ar ísealchostas beartaíochta agus laistigh d'achar gairid. 71 faoin gcéad den Phunann Lánroghnach a bhí i gceist leis seo amhail ar an 21 Nollaig 2014.

LEITHDHÁILEADH SÓCMHAINNÍ

Tábla 2:

Miondealú ar an bPunann Lánroghnach amhail ar an 21 Nollaig 2014

D'fhéadfadh sé nach réiteofaí na figiúirí de bharr slánúcháin.

Aicme Sócmhainne	€m	Meáchan an Chiste (%)
Mórchaidhp	1,248	17.5
Mionchaidhp	248	3.5
Margaí Éiritheacha	258	3.6
Iomlán na nGnáthscaireanna Luaite	1,754	24.5
Roghanna	30	0.4
Bannaí i Limistéar an Euro atá nasctha le boilsciú	147	2.1
Bannaí corparáide i Limistéar an Euro	1,373	19.2
Airgead tirim agus a chomhionann	2,423	33.9
Iomlán na Sócmhainní Airgeadais	3,942	55.2
Cothromas Príobháideach	231	3.2
Réadmhaoin	242	3.4
Tráchtearraí	313	4.4
Infreastruchtúr	362	5.1
Cistí Dearbhtoraidh	272	3.8
Iomlán na Sócmhainní Malartacha	1,420	19.9
Iomlán na Punainne Lánroghnaí	7,146	100.0

Is iad luacháil deiridh na Punainne Lánroghnaí tráth ar cuireadh deireadh le sainordú infheistíochta CNP agus luacháil tosaigh Phunann Lánroghnach CISE araon ná €7.146 billiún dá bharr sin.

An Phunann Lánroghnach – Sócmhainní Éireannacha

TEORAINN LE CEANGALTAIS ÉIREANNACHA

Sular cuireadh CISE ar bun, chreid an Coimisiún, agus é ag cur infheistiú in Éirinn faoi chaibidil, go raibh deiseanna tarraingteacha infheistíochta ann de dheasca an ghanntanais caipitil. Bhí sé ar cheann de bhunchreidiúintí infheistíochta an Choimisiúin féachaint le hinfeistíocht a dhéanamh nuair a bhí luach maith sna praghsanna, agus tá féidearthachtaí suntasacha in Éirinn óna thaobh sin de le blianta beaga anuas. Sa chomhthéacs sin, i ndiaidh dó an t-ábhar a chur faoi chaibidil i dtosach i mí Mheán Fómhair 2011 agus é aireach ar na freagrachtaí reachtúla a bhí air brabús fadtéarmach a uasmhéadú faoi réir rioscaí a bheadh inghlactha dó, tháinig an Coimisiún ar thuairim in 2012 go bhféadfadh suas le 20% den Chiste a chur i leataobh d'infheistíochtaí tráchtála in Éirinn chun leas a bhaint as na deiseanna sin.

Faoin 21 Nollaig 2014 bhí €1.4 billiún curtha i leataobh d'infheistíochtaí Éireannacha faoin leithdháileadh seo. De bharr go raibh an figiúr seo chomh gar sin don teorainn 20 faoin gcéad a shocraigh an Coimisiún i ndáil le neamhchosaint Éireannach, comhaontaíodh go bhféadfaí aon sócmhainní Éireannacha nach raibh ag teacht le cur chuige an Chiste Infheistíochta Straitéisí a dhíol, má ba ghá, ionas nach sárófaí an teorainn 20 faoin gcéad.

Chomh maith leis na ceangaltas de luach €1.4 billiún a rinne CNP, thánaghas ar €2.2 billiún eile le haghaidh na gcistí agus na dtionscadal sin ó chomh-infheisteoirí tríú páirtí. Bhí méid iomlán tionscadail/ciste na n-infheistíochtaí sin a 2.5 oiread na hinfeistíochta a rinne CNP dá bharr sin.

CEANGALTAIS ÉIREANNACHA

Tábla 3:

Ceangaltais Éireannacha CNP amhail ar an 21 Nollaig 2014

D'fhéadfadh sé nach réiteofaí na figiúirí de bharr slánúcháin.

Aicme Sócmhainne	Iomlán curtha i leataobh ag CNP (€m)	Iomlán curtha i leataobh ag 3ú páirtithe (€m)	Méid Iomlán na dTionscadail in Éirinn (€m)	Iolraí Mhéid Iomlán an Tionscadail in Éirinn in aghaidh an Mhéid Iomlán atá Curtha i Leataobh ag CNP
Ciste Cothromais d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide - Carlyle Cardinal	125	167	292	2.3x
Ciste Creidmheasa d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide - BlueBay	200	250	450	2.3x
Cistí "China Ireland" de chuid WestSummit	73 ¹	36	73	1.0x
Polaris VII	40 ¹	35	40	1.0x
Ciste Nuálaíochta Éireann	114	125	239	2.1x
Cistí Áitiúla Caipiteal Fiontair	116	460	576	5.0x
Silicon Valley Bank	39 ¹	78	78	2.0x
Uisce Éireann	300	-	300	1.0x
Ciste Bonneagair na hÉireann	250	67	317	1.3x
Foraoiseacht	30	187	217	7.2x
CPP N11	18	165	165	9.1x
Fuíollábhar ina Fhuinneamh Bhaile Átha Cliath (Covanta)	44	456	500	11.4x
Ciste Mezzanine WLR Cardinal	75	195	270	3.6x
Curtha i leataobh go dtí seo	1,424	2,222	3,518	2.5x

Nóta 1: Is ann do roinnt infheistíochtaí a athraíodh ina meán infheistíochta idirnáisiúnta ina n-úsáidtear caipiteal de chuid CNP taobh amuigh d'Éirinn. Ina leithéid de chásanna, ámh, tá forálacha déanta le méideanna áirithe caipitil a úsáid taobh istigh d'Éirinn mar chuid den chaidreamh ar an iomlán.

FORBAIRTÍ I RITH 2014

Rinne an Ciste roinnt infheistíochtaí laistigh den teorainn 20 faoin gcéad d'Éirinn le linn 2014.

Ceangaltais Infheistíochta in Éirinn

Ciste Forbraíochta WLR Cardinal CRE

Rinneadh ceangaltas €75 milliún do chiste mezzanine réadmhaoine tráchtála d'fhonn dlús a chur faoi normalú an mhargaidh airgeadais réadmhaoine agus faoi thionscadail forbartha a chur i gcrích.

Cistí Caipiteal Fiontair

Rinneadh ceithre cheangaltas nua do chistí caipiteal fiontair i rith 2014.

Tionscadal Fuíollábhair ina Fhuinneamh Bhaile Átha Cliath

Rinneadh ceangaltas €44 milliún do Thionscadal Fuíollábhair ina Fhuinneamh Bhaile Átha Cliath, atá urraithe ag Covanta. Tá CNP/CISÉ ina bhall de shindeacáit na 6 iasachtóir shinsearacha le haghaidh an tionscadail infreastruchtúr bainistithe dramhaíola seo a bhfuil tábhacht nach beag ag baint leis.

Uisce Éireann

Méadú €50 milliún (go dtí €300 milliún) ar shaoráid idirlinne d'Uisce Éireann atá ráthaithe ag an Rialtas agus a bhfuil mar aidhm aige costais tionscnaimh a chlúdach, rud atá le teacht in aibíocht i mí Mheán Fómhair 2015.

Better Capital

Comhaontaíodh nach gcuirfí síneadh ama le tréimhse infheistíochta Better Capital Turnaround Fund tar éis a dhulta in éag i mí na Nollag 2014. I gcomhthéacs dálaí margaidh a bhí ag feabhsú, bhí i bhfad ní ba lú infheistíocht chaipitil athstruchtúraithe i ngnólachtaí anásta ag teastáil ag institiúidí airgeadais agus ag úinéirí gnó ná mar a bhíodas ag súil leis ar an gcéad dul síos.

An scéala is déanaí maidir le State Street

Tar éis do State Street táilli ró-arda a ghearradh as mandáidí bainistíochta trasdula in 2010 agus in 2011, tá cúiteamh sa bhreis de luach €852,000 íoctha ag an gcuideachta le CNP mar chomhartha dea-thola agus d'fhonn CNP a chúiteamh as aon chostais a tabhaíodh leis an ábhar a thabhairt chun réitigh. Tá an íocaíocht seo i bhfad níos mó ná an aisíocaíocht i leith na dtáilli ró-arda a fuarthas ó State Street cheana féin. Tá an t-ábhar seo lánréitithe anois i bhfianaise na n-íocaíochtaí sin.

Deiseanna Amach Anseo

Nuair a bhí bunú CISÉ ar na bacáin, rinne an Coimisiún andul chun cinn le clár deiseanna infheistíochta amach anseo a chur i dtoll a chéile. Táthar ag súil go mbeidh CISÉ in ann oiread de na deiseanna sin a chur chun cinn agus is féidir leis in am trátha.

An Phunann Threoraithe

Ó 2009 i leith tá €20.7 billiún de shócmhainní an Chiste infheistithe in AIB agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais ar chúiseanna beartais phoiblí, trí mheascán de ghnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta agus ranníocaíocht chaipitil (i gcás AIB amháin). Déantar gach infheistíocht agus gach diúscairt sa Phunann Threoraithe tar éis treoir a fháil ón Aire Airgeadais. Tá de dhualgas ar an gCoimisiún treoracha ón Aire a chur i bhfeidhm agus na hurrúis a luacháil chun críocha ráitis airgeadais CNP.

Tábla 4:
Achoimre ar Infheistíochtaí CNP i mBainc

	Infheistíocht bhunaidh €bn	Airgead tirim faighte go dtí seo €bn	Luach amhail ar an 21 Noll 2014 €bn	Iomlán (ioncam agus luach) €bn
Scaireanna tosaíochta	1.8	3.2	--	3.2
Gnáthscaireanna	2.9	1.0	1.4	2.4
Banc na hÉireann	4.7	4.2	1.4	5.6
Scaireanna tosaíochta	3.5	0.0	4.5	4.5
Gnáthscaireanna	8.7	--	7.2	7.2
Ranníocaíocht chaipitiúil	3.8	--	--	--
AIB	16.0	0.0	11.7	11.7
Iomlán na nInfheistíochtaí i mBainc	20.7	4.2	13.1	17.3
Airgead tirim			1.9	
Iomlán na Punainne Treoraithe			15.0	

LUACHÁIL

Luacháladh gnáth-scairsheilbh an Chiste i mBanc na hÉireann in aghaidh na scaire ar an margadhphraghas, €0.315 (31.5 cent), ar an 19 Nollaig 2014 – an lá deireanach trádála roimh an aistriú chuig CISE (2013: €0.252 in aghaidh na scaire).

Ós rud é nach bhfágann gnáth-scairsheilbh an Chiste in AIB, 99.8 faoin gcéad, ach comhlúthacht shaor de 0.2 faoin gcéad agus ós rud é go bhfuil a chuid gnáthscaireanna tosaíochta in AIB neamhliostaithe, rinne GBCN gnólacht airgeadais chorparáidigh a fhostú chun luacháil margaidh chothrom neamhspleách a chur ar na hinfeistíochtaí sin de réir na gcleachtas cuntasíochta a bhfuil glacadh leo, mar a rinne an Coimisiún i mblianta eile. Rinneadh luacháil iomlán ar na hinfeistíochtaí amháil ar an 31 Nollaig 2014, agus tugadh luacháil tháscach orthu amháil ar an 21 Nollaig 2014. Ní bhaineann an difríocht idir na luachálacha ar an dá dáta le hábhar. Tar éis é seo a dhéanamh, luacháladh gnáthscaireanna in AIB ar €0.0137 (1.37 cent) in aghaidh na scaire (2013: €0.01252 in aghaidh na scaire) agus luacháladh na scaireanna tosaíochta in AIB ar €1.30 in aghaidh na scaire (2013: €1.00 in aghaidh na scaire). Léiríonn an méadú seo ar an luacháil ar AIB an feabhas atá tagtha ar an ionchas eacnamaíochta agus margaidh, chomh maith leis an méadú atá tagtha ar an luacháil ar chuideachtaí comhchosúla. Bhí na modheolaíochtaí luachála a úsáideadh ag teacht leis na modheolaíochtaí a úsáideadh in 2013.

FEIDHMÍOCHT

Ba é toradh na Punainne Treoraithe i gcaitheamh na bliana go dtí an 21 Nollaig 2014 ná 15.0 faoin gcéad.

IMEACHTAÍ TÁBHACHTACHA

D'aistarraing an tAire Airgeadais €10 milliún ón bPunann Threoraithe le linn 2014 le hinfeistíocht chothromais an Rialtais i gCorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann (SBCI) a mhaoiniú agus thug sé treoir chomh maith go gcuirfí saoráid iasachta €240 milliún ar fáil do SBCI ón bPunann Threoraithe. Ní raibh feidhm bainte as an tsaoráid iasachta seo faoi dheireadh na bliana 2014.

Thug an tAire Airgeadais treoir i mí an Mhárta 2015 go dtarraingeofaí €1.6 billiún amach as an bPunann Threoraithe lena íoc leis an Státchiste. Ba í an tsuim seo iomlán an airgid thirim a bhí sa Phunann Threoraithe, gan an tsaoráid iasachta €240 milliún do SBCI nach raibh feidhm bainte aisti go fóill a áireamh.

Infheistíocht Fhreagrach

D'aithin an Coimisiún go bhféadann an chaoi a ndéanann cuideachtaí bainistiú ar thosca timpeallachta, sóisialta agus rialachais dul i gcion ar a bhfeidhmíocht fhadtéarmach, agus rinne sé bearta chun na tosca sin a áireamh ina chleachtas cinnteoireachta maidir le hinfheistíochtaí agus le húinéireacht. Ghlac sé le Polasaí Foirmiúil Infheistíochta Freagraí agus bhí sé ar cheann de na chéad ghrúpaí a shínigh na Prionsabail um an Infheistíocht Fhreagrach (“PIF”) a bhí urraithe ag na Náisiúin Aontaithe.

NA PRIONSABAIL UM AN INFHEISTÍOCHT FHREAGRACH (PIF)

Is é PIF an creat dea-chleachtas a éascaíonn d'infheisteoirí tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh i gcleachtas cinnteoireachta maidir le hinfheistíochtaí agus le húinéireacht. Ó cuireadh tús leis in Aibreán 2006, tá borradh tagtha i líon shínteoirí PIF go dtí breis is 1,260 eagraíocht anois, líon a léiríonn sócmhainní faoi bhainistiú de luach \$45 trilliún. Mar cheann de shínteoirí PIF, ní mór do CNP sé phrionsabal a chomhlíonadh, a threoraíonn na gníomhaíochtaí agus an tuairiscíú a bhaineann leis an infheistíocht fhreagrach.

GEALLTANAS NA SÍNITHEOIRÍ

1. Tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh in anailís ar infheistíochtaí agus sa phróiseas cinnteoireachta.
2. Bheith ina n-úinéirí gníomhacha agus tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais a chur san áireamh i bpolasaithe agus i gcleachtas úinéireachta.
3. Nochtadh cuí a lorg maidir le tosca comhshaoil, sóisialta agus rialachais ó na haonáin a ndéanann siad infheistíocht iontu.
4. Glacadh le PIF agus a chur i bhfeidhm a chur chun cinn laistigh den earnáil infheistíochta.
5. Obair as lámha a chéile chun éifeachtúlacht PIF a fheabhsú laistigh den earnáil infheistíochta.
6. Tuairiscí a thabhairt ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le PIF agus ar obair i dtreo a churtha i bhfeidhm.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na Prionsabail um an Infheistíocht Fhreagrach (PIF) le fáil ag www.unpri.org

SEIRBHÍS SEACHVÓTÁLA AGUS TEAGMHÁLA

Rinne Hermes Equity Ownership Services (“Hermes”) seachvótaí a chaitheamh thar ceann an Chiste agus chuaigh sé i dteagmháil le cuideachtaí maidir le saincheisteanna comhshaoil, sóisialta agus rialachais thar a phunann chothromais dhomhanda. Tá cur chuige Hermes bunaithe ar an mbonn go mbeidh ar chuideachta a caidreamh le fostaithe, le soláthraithe agus le custaiméirí a bhainistiú go héifeachtach, é féin a iompar go heiticiúil agus aird a thabhairt ar an gcomhshaoil agus ar an tsochaí araon ar mhaithe le leas fadtréimhseach na scairshealbhóirí.

VÓTÁIL

In 2014 vótáil Hermes ag 2,926 cruinniú thar cheann CNP ar fud an domhain agus rinne sé anailís ar 31,083 rún. Chuir Hermes i gcoinne ceann nó ní ba mhó de na rúin ag 1,336 de na cruinnithe sin agus staon sé i 4 chruinniú. Vótáil Hermes leis an lucht bainistíochta de réir eisceachta (i gcásanna ina raibh sé sásta go ndéanfadh lucht bainistíochta na cuideachta bearta dá éis sin chun dul i ngleic le haon ábhar imní) ag 12 chruinniú agus thacaigh sé leis an lucht bainistíochta i gcás na rún ar fad eile ag na 1,574 cruinniú eile.

Thacaigh Hermes le moltaí boird cuideachtaí de ghnáth ach amháin i gcásanna ina raibh cúis mhaith aige gan tacú leo – choimeád an Coimisiún an ceart aige féin chun gabháil treise ar mholtaí vótála de chuid Hermes, áfach. I leith aon scairshealbha de chuid na Punainne Lánroghnaí in AIB nó i mBanc na hÉireann, vótáil an Coimisiún de réir na treorach a thug an tAire Airgeadais.

TEAGMHÁIL LE CUIDEACHTAÍ

Is éard atá sa teagmháil ná an coincheap gur chóir go bhféadfadh scairshealbhóirí ábhair is údar imní dóibh a chur in iúl do lucht bainistíochta agus do bhoird cuideachtaí ar bhealach dearfach le dul i ngleic leis na hábhair sin agus le hathruithe chun feabhais a bhaint amach. I bhformhór na gcásanna, bíonn an teagmháil níos oiriúnaí ná stoc a eisiáimh as punanna, rud a fhágfadh nach bhféadfaí aon tionchar dearfach a imirt ar na cuideachtaí seo.

I measc na ngníomhaíochtaí teagmhála tá:

- Cruinnithe le stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin na cuideachta;


- Páirt a ghlacadh i dtionscnaimh in éineacht le hinfheisteoirí eile;
- Rúin scairshealbhóra a chur faoi bhráid cruinnithe ginearálta.

I rith 2014 chuaigh Hermes i dteagmháil le 137 cuideachta maidir le 373 ábhar a bhain le réimsí sóisialta, comhshaoil agus rialachais. Chuaigh Hermes i dteagmháil le cuideachtaí maidir le hábhair eile chomh maith le bliain anuas, amhail an straitéis ghnó agus riosca. Tá tugtha thíos breac-chuntas ar an gcineál teagmhála a rinneadh i ndáil le gach ceann de na réimsí seo.


Cairt 7:

Gníomhaíocht Teagmhála Domhanda

Teagmháil Leanúnach le Cuideachtaí re réir Réigiúin



Cuspóirí Teagmhála de réir Téama



Nuair a dhéantar teagmháil le cuideachta ar leith, is iondúil nach dtagann an dá pháirtí le cheile ach uair nó dhó thar thréimhse cúpla mí, ach in amanna caithfear cruinnithe a eagrú le comhaltaí éagsúla den bhord thar thréimhse roinnt blianta.

AN TIONSCADAL NOCHTA CARBÓIN (CDP)

Chuir CNP a lámh leis an Tionscadal Nocht Carbóin in 2007, ar tionscadal é a bhfuil "CDP" tugtha air ó 2007 i leith. Tionscnamh atá treoraithe thar ceann 767 infheisteoir a bhfuil sócmhainní de luach US\$92 trilliún acu is ea CDP, a iarrann ar bhreis is 4,500 cuideachta faisnéis a nochtadh maidir lena gcuid astúchán carbóin. Baineann breis is 4,500 cuideachta i mbreis is 80 tír feidhm as CDP le faisnéis thábhachtach chomhshaoil a bhainistiú agus a chomhroinnt. Tugann CNP tacaíocht do thionscnaimh bhreise de chuid CDP chomh maith, lena n-áirítear an Tionscadal Nocht Úsáid Uisce (clár infheisteoirbhunaithe a bhfuil sé mar aidhm aige tuairisciú bríoch, córasach a spreagadh maidir le húsáid agus le caomhnú uisce) agus an Tionscadal Nocht Lorg Foraoiseachta (iarratas ar fhaisnéis a sheoltar chuig cuideachtaí thar ceann infheisteoirí ar mian leo tuiscint a fháil ar an méid difhóraoisithe a bhfuil baint ag a bpunanna leis).

Tá GBCN ina bhall de choiste stiúrtha Líonra CDP Éireann, a dhéanann ionadaíocht d'eagraíocht dhomhanda CDP in Éirinn agus a ghníomhaíonn le cuideachtaí a spreagadh chun an tionchar a imríonn siad ar an Athrú Aeráide a nochtadh agus a laghdú.

CNUASMHUINISIN

Éilítear ar CNP leis an Acht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008 fanacht glan ar infheistíochtaí i ndéantúsóirí cnuasmhuinisean nó mianaigh fhrithphearsanra. Tá leagtha amach thíos na cuideachtaí nach bhfuil curtha san áireamh sa Chiste ar an mbonn seo.

Tábla 5:
Urrúis nach bhfuil curtha san áireamh

Cuideachta	Tír
Aryt Industries Ltd	Iosrael
Doosan Corporation	An Chóiré Theas
Hanwha Corporation	An Chóiré Theas
Poongsan Holdings Corporation & Poongsan Corporation	An Chóiré Theas
Samsung Techwin Co. Ltd	An Chóiré Theas
Aerostar	An Rómáin
Singapore Technologies Engineering	Singiapór
Alliant Techsystems	Stáit Aontaithe Mheiriceá
General Dynamics	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Lockheed Martin (SAM)	Stáit Aontaithe Mheiriceá
L-3 Communications	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Northrop Gruman	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Raytheon	Stáit Aontaithe Mheiriceá
Textron	Stáit Aontaithe Mheiriceá

Riosca, Maoirseacht agus Rialuithe

Bhíodh CNP fágtha gan chosaint ar réimse leathan rioscaí go dtí gur cuireadh deireadh lena shainordú infheistíochta ar an 22 Nollaig 2014. Bhí sé ar cheann de phríomhthascanna an Choimisiúin na rioscaí sin a bhainistiú. Is ar GBCN a bhí an phríomhfhreagracht as rioscaí an Chiste a bhainistiú ar bhonn laethúil agus bhí Coiste Iniúcháireachta an Choimisiúin páirteach sa phróiseas bainistithe riosca.

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

- Dhéanadh an Coiste Iniúcháireachta spíonadh ar athbhreithniú bliantúil GBCN ar rioscaí agus mheasadh sé dealraitheacht agus iarmhairtí na rioscaí sin, go háirithe na rioscaí siúd a raibh comhmheasúnú ard ag baint leo.
- Ina theannta sin, dhéanadh an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúchtaí a dhéanadh Iniúchóir Inmheánach GBCN (PricewaterhouseCoopers), Feidhmeannas Iniúcháireachta Inmheánaí GBCN, agus Iniúchóir Seachtrach Reachtuil GBCN (an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste).
- D'éilíodh ar phearsana sinsearach ainmnithe laistigh de GBCN tuairiscí chun dáta a chur faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta go rialta, inar leagtaí amach sonraí maidir le haon sárú ar rialuithe nó aon cheist rialaithe eile a tháinig chun solais.

RIOSCA MARGAIDH

Ba é an riosca margaidh an phríomhfhoinsé riosca do CNP. D'éascair sé mar thoradh gur féidir laghdú teacht ar luach sócmhainní an Chiste de dheasca laghduithe ar praghsanna na sócmhainní.

- Chuimsigh an riosca margaidh luaineacht praghsanna gnáthscaireanna, ioncaim sheasta, tráchtearraí agus réadmhaoine, mar aon le hathruithe ar na rátaí airgeadraí eachtracha.
- Is gá plé leis an riosca margaidh le toradh a ghiniúint de bhreis ar an toradh a fhaightear ó airgead tirim gan aon riosca.
- Bhí an Coimisiún dírithe ar an riosca margaidh a bhainistiú ar leibhéal foriomlán na Punainne Lánroghnaí den chuid ba mhó.
- Bhí leithdháileadh straitéiseach sócmhainní CNP bunaithe ar CNP a bheith ina infheisteoir fadtréimhseach agus a bheith in ann luaineacht luachanna sócmhainní

a iompar. Sula ndearnadh na hathruithe ar an reachtaíocht a bhain leis an gCiste, laghdaíodh tréimhse infheistíochta an Chiste. Ag féachaint do na hathruithe seo, chuir an Coimisiún Straitéis um Chaomhnú Caipitil i bhfeidhm d'fhonn cosaint i gcoinne cailteanais chaipitil agus na luaineachta. D'éirigh leis an Straitéis um Chaomhnú Caipitil riosca margaidh an Chiste a choinneáil faoi bhun na ngnáthrátaí fadtréimhseacha in 2014.

RIOSCA CREIDMHEASA

Is éard atá i gceist leis an riosca creidmheasa ná an riosca go dtabhóidh an Ciste cailteanas dá dteipfeadh ar chontrapháirtí a chuid dualgas i leith an Chiste a chomhlíonadh. Rinneadh an riosca creidmheasa a mhaolú trí theorainneacha neamhchosanta cuí a shocrú trí thagairt do rátálacha airgeadais agus do thimpeallachtaí rialála, trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid na neamhchosaintí creidmheasa i gcomparáid leis na teorainneacha seo agus trí chomhaontuithe conarthacha a rialaigh an chaoi a ndearnadh sócmhainní a bhainistiú sa chás gur loic contrapháirtí.

RIOSCA LEACHTACHTA

Is éard atá sa riosca leachtachta ná an riosca go mbeadh deacrachtaí ag an gCiste i leith a chuid dualgas a chomhlíonadh tráth a mbeadh siad dlite. Dhéanadh GBCN monatóireacht ar leachtacht phunann infheistíochtaí an Chiste go rialta chun a chinntiú go mbíodh leibhéal chuí sócmhainní leachtacha aige i gcónaí.

RIOSCA OIBRIÚCHÁIN

Is éard atá sa an riosca oibriúcháin ná an riosca go mbeadh próisis agus rialacháin inmheánacha, daoine nó córais atá neamhimleor nó ar theip orthu, nó teagmhais sheachtracha ina gcúis le cailteanais. Ba í aidhm an Choimisiúin an riosca oibriúcháin a íoslaghdú. Chun na críche seo, rinne GBCN córais teicneolaíocht faisnéise a shuiteáil agus nósanna imeachta mionsonraithe rialaithe a fhorbairt de réir an deachleachtais san earnáil.

AN TAISCEÁNACH DOMHANDA – BNY MELLON

Chuir Taisceánach Domhanda CNP, BNY Mellon, feidhmeanna taiscthe agus cuntasaiochta ar fáil do GBCN. Bhí BNY Mellon freagrach as idirbhearta a thabhairt chun réitigh (airgead tirim nó urrúis a sheachadadh i leith ceannacháin/díolacháin sócmhainní de chuid CNP) agus as sócmhainní margaidh phoiblí a bhí faoi úinéireacht dhíreach CNP a choinneáil i seilbh. I measc na ngnéithe rithábhachtacha de sheirbhís BNY Mellon bhí coimeád taifead beacht, tuairiscí a eisiúint do GBCN, agus teastais a eisiúint d'iniúcháirí ina ndearbhaíodh sonraí maidir leis na sócmhainní a bhí á gcoinneáil i seilbh. I measc na bhfeidhmeanna eile a bhí ag an taisceánach bhí bailiú ioncain agus díbhinní ar shócmhainní, bailiú aisíocaíochtaí cánach a bhí dlite do CNP, agus soláthar réimse cuimsitheacht tuairiscí cuntasaiocht airgeadais.

Níor choinnigh an taisceánach domhanda infheistíochtaí réadmhaoine ná cothromais phríobháidigh de chuid CNP ná a chuid infheistíochtaí i gcistí comhthiomsaithe ina sheilbh - bhí na hinfeistíochtaí sin struchtúraithe ina gcomhpháirtíochtaí teoranta, ina raibh an Coimisiún ina chomhpháirtí teoranta.

RIOSCA RIALÁLA

Is éard atá sa riosca rialála ná an riosca go dteipfeadh ar CNP cloí le dlíthe agus le rialúcháin. D'fhorbair feidhmeannas comhlíonta GBCN clár d'fhonn (i) comhairle a thabhairt do choimisinéirí agus do bhaill foirne maidir le dlíthe agus le rialacháin ábhartha, (ii) comhlíonadh na ndlíthe agus na rialachán sin a chinntiú ar bhonn leanúnach, agus (iii) cabhrú leo nósanna imeachta bainistíochta cuí a fhorbairt. Thug feidhmeannas dlí GBCN agus comhairleoirí seachtracha cánachais an Chiste comhairle maidir le hidirbhearta a bhí beartaithe chun a chinntiú gur comhlíonadh an reachtaíocht agus na rialacháin a bhain le hábhar.

Rialachas

Is é Coimisiún CNP a dhéanann CNP a rialú – bhí seachtar ar an gCoimisiún roimh an 22 Nollaig 2014 agus níl ach aon Choimisinéir amháin air ó cuireadh tús leis na forálacha ábhartha den Acht um GBCN ar an 22 Nollaig 2014 i leith.

Chuir an Coimisiún Coiste Iniúcháireachta ar bun chun cabhrú leis a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Cuireadh Coiste Comhairleach Réadmhaoine agus Coiste Comhairleach Cothromais Phríobháidigh ar bun chomh maith, ach rinneadh an dá choiste seo a lánscoir le héifeacht ón 31 Márta 2014 i bhfianaise straitéis infheistíochta leasaithe an Chiste.

Mhaireadh tréimhse oifige coimisinéara ar feadh cúig bliana, ach amháin i gcás Phríomhfheidhmeannach an Bhainisteora, a bhíodh ina chomhalta de bhrí oifige. Seo a leanas comhaltaí Choimisiún CNP i rith 2014:

An tUasal Paul Carty – An Cathaoirleach

(Arna athcheapadh an 31 Iúil 2010)
Sainchomhairleoir Airgeadais agus Iar-Chomhpháirtí Bainistíochta de chuid Deloitte & Touche Éireann.
An tréimhse dar críoch an 21 Nollaig 2014

An Dr. Brian Hillery

(Arna athcheapadh an 1 Iúil 2009)
Cathaoirleach Providence Resources cpt. agus iarstúirthóir de chuid Bhanc Ceannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann.
Tháinig a dhara téarma chun deiridh ar an 30 Meitheamh 2014

An tUasal Maurice A. Keane

(Arna athcheapadh an 5 Feabhra 2012)
Stiúrthóir Cuideachta agus Iar-Phríomhfheidhmeannach Grúpa de chuid Bhanc na hÉireann.
An tréimhse dar críoch an 21 Nollaig 2014

An tUasal Knut N. Kjær

(Arna cheapadh an 2 Aibreán 2010)
Cathaoirleach ar FSN Capital agus Bunaitheoir Trient Asset Management. Iar-Uachtarán ar Risk Metrics Group, agus Iar-Phríomhfheidhmeannach de chuid Norges Bank Investment Management.
An tréimhse dar críoch an 21 Nollaig 2014

An tOll. Frances Ruane

(Arna athcheapadh an 1 Iúil 2014)
Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (“ESRI”).
An tréimhse dar críoch an 21 Nollaig 2014

An tUasal John C. Corrigan

(Comhalta de bhrí oifige, arna cheapadh an 4 Nollaig 2009)
An Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Tháinig an Coimisiún le chéile 5 huaire i gcaitheamh 2014.

Tábla 6:
Tinreamh Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2014

Comhalta den Choimisiún	Líon na gcruinnithe ar fhreastail sé/sí orthu
Paul Carty	5/5
John Corrigan	5/5
Brian Hillery	3/3 ¹
Maurice Keane	5/5
Knut Kjær	5/5
Frances Ruane	4/5

Nóta 1: *Tháinig téarma an té seo chun deiridh ar an 30 Meitheamh 2014

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Rinne an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar an bpróiseas tuairiscithe airgeadais, ar chórais rialaithe inmheánaigh agus bainistíocht riosca GBCN, ar na próisis iniúchta, agus ar phróiseas GBCN i leith monatóireacht a dhéanamh ar Thaisceánach CNP, ar bhainisteoirí infheistíochta, agus ar phríomhsholáthróirí seirbhíse eile chun a chinntiú gur chomhlíon siad na dualgais chonartha a bhí orthu i ndáil leis an gCoimisiún agus le GBCN mar an bainisteoir.

D’fhón triúr comhaltaí ar an gCoiste:

An tUas. Maurice A. Keane (Cathaoirleach)
An Dr. Brian Hillery
An tOll. Frances Ruane

Bhuail an Coiste leis na bainisteoirí sinsearacha i GBCN a bhí freagrach as CNP ar bhonn rialta, agus tháinig siad le chéile ceithre huairé i gcaitheamh 2014.

LUACH SAOHAIR AGUS COSTAIS

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin agus d'aontaigh gach comhalta le laghdú toilteanach tar éis don Aire an céanna a iarraidh. Is mar seo a leanas a bhí an luach saothair in 2014, tar éis an laghdaithe thoildeonaigh:

Cathaoirleach: €51,424 in aghaidh na bliana
Comhaltaí Eile: €34,283 in aghaidh na bliana

Fuair an tUasal Knut N. Kjær costais taistil €1,214 le linn 2014. Níor íocadh aon chostais eile le Coimisinéirí in 2014.

Ní fhaigheann Príomhfheidhmeannach GBCN aon luach saothair i leith a bhallraíochta sa Choimisiún. Tá an tOllamh Frances Ruane fostaithe ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus ní bhfuair sí aon táillí i leith a ról mar Choimisinéir dá bhrí sin - íocadh na táillí seo go díreach leis an Institiúid.

NOCHTADH LEASA

I rith 2014, níor nochthead aon leas de bhun Alt 12 d'Acht CNP.

COIMISINÉIR AMHÁIN

Níl ach aon choimisinéir amháin (.i. Príomhfheidhmeannach GBCN) i gCoimisiún CNP ó theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha den Acht um GBCN ar an 22 Nollaig 2014 i leith. Tá de dhualgas reachtúil ar an gcoimisinéir seo a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill ó CNP chuig CISÉ.

Ba é an tUas. John C. Corrigan an coimisinéir ón 22 Nollaig 2014 go dtí gur éirigh sé as a phost mar Phríomhfheidhmeannach GBCN ar an 4 Eanáir 2015. Is é an tUas. Conor O'Kelly an coimisinéir anois ós é Príomhfheidhmeannach GBCN é.

Táillí agus Costais

Ba iad na táillí agus na costais a thabhaigh an Coimisiún i bhfeidhmiú an Chiste, de réir mar atá leagtha amach i ráiteas airgeadais CNP don bhliain 2014, ná €7.8 milliún (2013: €12.8 milliún). Chomh maith leis sin, ba iad na costais a thabhaigh GBCN in 2014 ina ról mar Bhainisteoir ná €6.2 milliún (2013: €3.9 milliún) don tréimhse ón 1 Eanáir 2014 go dtí an 21 Nollaig 2014. Íocann an Státchiste na costais sin.

Glacann CNP páirt i suirbhé a reáchtálann gnólacht Ceanadach, CEM Benchmarking Inc (“CEM”), gach bliain. Measann an suirbhé seo costais oibriúcháin cistí pinsin i gcomparáid le cistí pinsin eile, lena n-áirítear na costais a thabhaítear laistigh de mheáin infheistíochta chomhthiomsaithe. Cuireann an suirbhé feidhmíocht chostais CNP i leith na Punainne Lánroghnaí i gcomparáid le tagarmharc costais a chuimsíonn piarghrúpa cistí idirnáisiúnta comhchosúla a ndéanann CEM sainaithint orthu mar na cistí is iomchuí le cur i gcomparáid le CNP. Cuireann an suirbhé éagsúlachtaí ó thaobh an leithdháilte sócmhainní i ngach piarghrúpa san áireamh.

Baineadh de thátal as an suirbhé ba dhéanaí, a bhain leis an mbliain 2013, go raibh costais iomlána an Chiste, na costais a thabhaigh GBCN mar an Bainisteoir agus táillí bainistíochta a gearradh laistigh de mheáin infheistíochta tríú páirtí san áireamh, cothrom le 0.78 faoin gcéad de mheánluach shócmhainní an Chiste (2012: 0.78 faoin gcéad de mheánluach shócmhainní an Chiste). Tá sé sin ag teacht le costas tagarmharcála CNP. Is éard atá sa chostas tagarmharcála ná meastachán ar an gcostas a bheadh ar CNP i bhfianaise mheascán iarbhír a chuid sócmhainní agus na meánchostas a n-íocann piaraí as seirbhísí comhchosúla iad.

Na Ráitis Airgeadais

Comhaltaí Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Faisnéis Eile	30
Tuairisc ar Infheistíochtaí	31
Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	32
Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	33
Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	35
Polasaithe Cuntasaíochta	36
Cuntas an Chiste	40
Ráiteas maidir le Glansócmhainní	41
Cuntas Riaracháin	42
Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid	43
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	44

Comhaltaí Choimisiún agus Faisnéis Eile

COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

An tUas. Paul Carty - Cathaoirleach (Tháinig a théarma chun deiridh an 21 Nollaig 2014)
An tUas. John C. Corrigan (comhalta de bhri oifige) (Tháinig a théarma chun deiridh an 4 Eanáir 2015)
An Dr. Brian Hillery (Tháinig a théarma chun deiridh an 30 Meitheamh 2014)
An tUas. Maurice A. Keane (Tháinig a théarma chun deiridh an 21 Nollaig 2014)
An tUas. Knut N. Kjær (Tháinig a théarma chun deiridh an 21 Nollaig 2014)
An tOllamh Frances Ruane (Tháinig a téarma chun deiridh an 21 Nollaig 2014)
An tUas. Conor O’Kelly (Tháinig a théarma chun deiridh an 5 Eanáir 2015)

BAINCÉIRÍ

Banc Ceannais na hÉireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

Bainc-Aontas Éireann c.p.t.
1 - 4 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

AN TAISCEÁNACH DOMHANDA

The Bank of New York Mellon (“BNYM”)
One Canada Square
Londain E14 5AL

INIÚCHÓIR

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Caisleán Bhaile Átha Cliath
Baile Átha Cliath 2

BAINISTEOIR

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
Foirgneamh an Stáitchiste
Sráid na Canálach Móire
Baile Átha Cliath 2

Tuairisc ar Infheistíochtaí

Tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014* (“an tAcht um GBCN”) ar an 22 Nollaig 2014, dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fós ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Ciste”) agus tá siad aitheanta agus curtha i láthair anois mar chuid de Ráitis Airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (“CISÉ”) don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir na gcaighdeán cuntasáochta. Sular dí-aithníodh na sócmhainní, shocraigh an Coimisiún an straitéis infheistíochta le haghaidh an Chiste, ach amháin i gcás na nInfheistíochtaí Treoraithe.

Bhí sócmhainní infheistíochta an Chiste infheistithe mar seo a leanas amháin ar an 31 Nollaig 2014:

	2014 €m	2013 €m	% den Iomlán Sócmhainní Infheistíochta
Gnáthscaireanna			
Gnáthscaireanna Luaite ar Mhargáí Forbartha	--	1,439	7.5%
Gnáthscaireanna Luaite ar Mhargáí Éiritheacha	--	321	1.7%
Roghanna Cothromais	--	70	0.3%
Ciste Cothromais Domhanda	--	117	0.6%
Cistí Cothromais Domhanda Íseal-Luaineachta	--	614	3.2%
Iomlán na nGnáthscaireanna	--	2,561	13.3%
Bannaí			
Bannaí Corparáide Luaite	--	476	2.4%
Bannaí Corparáide Neamhluaite	--	185	1.0%
Bannaí Eile	--	40	0.2%
Fiachas Eile	--	162	0.8%
Iomlán na mBannaí	--	863	4.4%
Infheistíochtaí Réadmhaoine	--	347	1.8%
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	--	126	0.7%
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	--	299	1.6%
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	--	86	0.4%
Infheistíochtaí Foraoiseachta	--	37	0.2%
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	--	246	1.3%
Taisc, Airgead Tirim agus Infheistíochtaí Eile			
Taisc agus Airgead Tirim	--	792	4.1%
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	--	849	4.4%
Gnóthachan / (Cailteanas) Neamhréadaithe ar Chonarthaí Toghcháin	--	(18)	(0.1%)
Gnóthachan / (Cailteanas) Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach	--	34	0.2%
Iomlán na dTaisc, an Airgid, agus na nInfheistíochtaí Eile	--	1,657	8.6%
Iomlán na Sócmhainní a bhaineann le nInfheistíochtaí Lánroghnacha	--	6,222	32.3%
Infheistíochtaí Treoraithe	--	11,169	57.9%
Airgead tirim	--	1,885	9.8%
Iomlán na nInfheistíochtaí Treoraithe	--	13,054	67.7%
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	--	19,276	100.0%



Conor O'Kelly, Coimisinéir

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

An 15 Meitheamh 2015

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Éilítear ar an gCoimisiún le *hAcht an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* ráitis airgeadais a ullmhú i leith an Chiste.

Agus an Coimisiún ag ullmhú na ráiteas sin, déanann sé:

- polasaithe cuntasaíochta iomchuí a roghnú agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go mbeadh sé neamhfhoirsteanach a leithéid a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó na caihdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus míniú a thabhairt air.

Tá an Coimisiún freagrach, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, as na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead go léir a gheobhaidh sé nó a chaithfidh sé agus as taifid chuntasaíochta a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus costais riaracháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach as sócmhainní an Choimisiúin a chosaint chomh maith agus, mar sin, as gach beart réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cuireadh Ciste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) ar bun an 22 Nollaig 2014 de bhun alt 38(1) den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014* ("an tAcht um GBCN"). D'athraigh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ tráth ar cuireadh tús le hAlt 38(2) den Acht um GBCN, ach amháin i gcás roinnt sócmhainní agus dliteanais eachtracha.

An 22 Nollaig 2014 aistríodh na sócmhainní uile a bhí faoi rialú dhlí na hÉireann ó Choimisiún CNP chuig GBCN uathu féin (tráth ar athraigh siad ina sócmhainní de chuid CISÉ). Níl ach aon choimisinéir amháin (.i. Príomhfheidhmeannach GBCN) i gCoimisiún CNP ó shin i leith, duine a n-éilítear air leis an Acht um GBCN a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill.

Chun críocha na ráiteas airgeadais seo tá na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhí fós ag CNP amhail ar an 31 Nollaig 2014 dí-aitheanta. Tá na sócmhainní agus na dliteanais sin le cur san áireamh i ráiteas airgeadais CISÉ.



Conor O'Kelly, Coimisinéir

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

An 15 Meitheamh 2015

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

FREAGRACHT AS AN GCÓRAS UM RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Admhaím an fhreagracht as a chinntiú go gcoinnítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais i dtaca le hoibríochtaí an Chiste agus go bhfeidhmítear an córas sin de réir mar is ceart, agus as an bpróiseas le sócmhainn Chiste a aistriú chuig CISÉ le linn ‘idirthréimhse’ (a bhfuil tagairt déanta di san *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochtaan Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014*), rud ar cuireadh tús leis ar an 22 Nollaig 2014.

Is í an Ghníomhaireacht Bainisteoir an Chiste agus feidhmíonn sí mar ghníomhaire an Choimisiúin i gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna. Is é an Ghníomhaireacht a chuireann an córas um rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm thar ceann an Choimisiúin.

Ní féidir leis an gcóras ach cinnteacht réasúnta, nach bhfuil absalóideach, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha.

PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Tá bearta déanta agam d’fhonn timpeallacht iomchuí rialaithe a bhaint amach ach:

- freagrachtaí an lucht bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a leagan amach chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus beart ceartúcháin cuí a chinntiú;
- Coiste Iniúchóireachta a chur ar bun le comhairle a chur ar fáil ar chomhlíonadh na ndualgas atá i gceist leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

Tá próisis curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas ach:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ina mbaol don Ghníomhaireacht a aithint;
- measúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí aitheanta;
- measúnú a dhéanamh ar chumas na heagraíochta rioscaí a bhainistiú agus na rioscaí a tharlódh a mhaolú;
- na costais a bhaineann le feidhmiú rialuithe áirithe a mheas i gcomparáid leis an tairbhe a bhainfear amach mar thoradh orthu.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreat lena gcuimsítear faisnéis rialta don lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Cuimsíonn sé go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe i ndáil le costais riaracháin an Chiste, chomh maith le buiséad bliantúil a socraíonn an Coimisiún é;
- athbhreithniú rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na tuartha;
- spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla atá sainmhínithe go soiléir;
- disciplíní foirmiúla bainistíocht tionscadal;
- Polasaí Frithchaloise a chur i bhfeidhm, chomh maith le Polasaí um Éagóiritheoireacht agus Nochtadh faoi Chosaint (an Polasaí um Thuairisciú le Dea-Intinn roimhe seo).

Tá ag an nGníomhaireacht Coiste Iniúchóireachta a fheidhmíonn de réir an Chóid Cleachtas maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit⁽¹⁾. Déanann an Coiste Iniúchóireachta sin maoirseacht ar fheidhmeannas iniúchóireachta inmheánaí na nGníomhaireachta. Is í an anailís a dhéantar ar na rioscaí oibríochta a bhfuil an Ciste neamhchosanta ina leith a chuireann bonn eolais faoi shaothar an fheidhmeannas

(1) Rinneadh Coiste Iniúchóireachta an Choimisiúin a lánscoir ar an 21 Nollaig 2014 agus aistríodh na feidhmeanna ábhartha chuig Coiste Iniúchóireachta GBCN dá éis sin.

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

iniúcháireachta inmheánaí, agus bíonn na pleananna bliantúla iniúcháireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Comhaontaítear na pleananna iniúcháireachta inmheánaí le Príomhfheidhmeannach agus le lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus is é Coiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta a fhaomhann ar deireadh thiar iad. Cuireann an feidhmeannas iniúcháireachta inmheánaí tuairiscí ar ghníomhaíochtaí iniúcháireachta inmheánaí faoi bhráid an Choimisiúin, lucht bainistíochta na Gníomhaireachta, agus Choiste Iniúcháireachta na Gníomhaireachta ar bhonn rialta. Tugtar ina leithéid de thuairiscí breac-chuntas ar aon ní a tháinig chun solais nó aon mholadh a rinneadh mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar rialuithe inmheánacha. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar leis na moltaí agus cuirtear tuairiscí ar an dul chun cinn sin faoi bhráid an Choiste Iniúcháireachta.

Tá Cód Cleachtais maidir le Rúndacht agus Iompar Gairmiúil ag an nGníomhaireacht, ina bhfuil na príonsabail agus na cleachtais chaighdeánacha chomhaontaithe leagtha amach i ndáil le rúndacht, coinbhleachtaí leasa, déileáil chos istigh, cúbláil margaidh agus idirbhearta cuntais phearsanta.

Tá curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht creat iomchuí lena chinntiú go gcomhlíonann sí na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Mar chuid den chreat seo, tá curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht córais agus rialuithe le teorainn a chur le rochtain ar shonraí príobháideacha. Sa chás go dtagann an Gníomhaireacht ar an eolas faoi aon sárú, nó faoi aon sárú líomhnaithe fiú amháin, ar shonraí príobháideacha, déantar na sárúithe sin a fhiosrú go hiomlán agus cuirtear na húdaráis chuí ar an eolas fúthu, nuair is gá, de réir an chreata.

Is iad an lucht bainistíochta laistigh den Gníomhaireacht atá freagrach as an gcreat um rialú airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil, torthaí ar obair an fheidhmeannais iniúcháireachta inmheánaí, agus tuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile dá chuid, a chuireann bonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Gníomhaireacht ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE

Dearbhaim leis seo go ndearna an Coimisiún athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais i leith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2014 tar éis dó dul i ndáil chomhairle le Coiste Iniúcháireachta an Chiste.



Conor O'Kelly, Coimisinéir
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



Martin Murphy, Cathairleach an Choiste Iniúcháireachta
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

An 15 Meitheamh 2015

Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Rinne mé ráitis airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 a iniúchadh de réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. Cuimsíonn na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaióchta atá leagtha amach iontu, na polasaithe cuntasaióchta, cuntas an chiste, an ráiteas maidir le glansócmhainní, an cuntas riaracháin, an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus na nótaí bainteacha. Rinneadh na ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm a leagtar síos faoi Alt 26 den Acht.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach, cóir ar thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain agus ar a iarmhéideanna ag deireadh na bliana, agus as rialtacht na n-idirbheart a áirithiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhuilgias orm iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisc a thabhairt orthu de réir an dlí bhaintigh.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit ó thaobh a mbainistithe agus a bhfeidhmíthe de.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus in oiriúint le Caighdeán Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus faoi na nithe a nochtar sna ráitis airgeadais d'fhonn ráthaíocht réasúnta a thabhairt nach bhfuil aon mhíshonrú ábhartha iontu, cé acu is calaois nó botún ba chúis leis an míshonrú sin. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cé acu an raibh na polasaithe cuntasaióchta oiriúnach do chás an Chiste, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad, agus ar nochtadh go himleor iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaióchta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- leagan amach na ráiteas airgeadais ar an iomlán.

Tá sé mar aidhm agam fianaise a bhailiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith an iniúchta chomh maith.

Chomh maith leis an méid sin thuas, léim tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin chun sainiúint a dhéanamh ar aon neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta. Sa chás go dtugaim aon mhíshonrú nó neamhréir ábhartha faoi deara, déanaim na himpleachtaí a mheas le haghaidh mo thuairisce.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairimse, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart de réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 agus san fhoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais, léargas fírinneach, cóir ar thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 agus ar a iarmhéideanna amhail ar an dáta sin.

I mo thuairimse, choimeád an Coimisiún leabhair iomchuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu de réir eisceachta

Tugaim tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair mé gach faisnéis agus míniúchán a theastaigh uaim i dtaca le m'iniúchadh, nó
- gur thug m'iniúchadh aon chás ábhartha faoi deara nuair nár cuireadh airgead i bhfeidhm le haghaidh na críche beartaithe nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach bhfuil an fhaisnéis atá ann i dtuarascáil bhliantúil an Choimisiúin i gcomhréir leis na ráitis airgeadais a ghabhann léi, nó
- nach léiríonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais go bhfuil an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit comhlíonta ag an gCoimisiún, nó
- Go dtugaim faoi deara gurb ann do cheisteanna ábhartha a bhaineann leis an mbealach a ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon rud le tuairisciú agam i ndáil leis na hábhair a dtugtar tuairisc orthu de réir eisceachta.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

An 15 Meitheamh 2015

Polasaithe Cuntasaíochta

Cuireadh an Ciste ar bun de bhun *an Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*. Is iad seo a leanas na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ar glacadh leo i leith an Chiste:

(a) Bonn a nUllmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir *an Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* i bhfoirm a cheadaigh an tAire Airgeadais.

Tráth ar cuireadh tús le Cuid 6 den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014* ("an tAcht um GBCN") ar an 22 Nollaig 2014, d'athraigh sócmhainní agus dliteanais an Chiste ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISE (faoi réir fhorálacha Sceideal 4 den Acht um GBCN i gcás roinnt sócmhainní agus dliteanais eachtracha). Is casta an rud é aistriú dlíthiúil sócmhainní eachtracha agus bhí roinnt sócmhainní eachtracha fós sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014. Dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí i seilbh an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014 agus tá siad aitheanta agus curtha i láthair anois mar chuid de Ráitis Airgeadais CISE don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir na gcaighdeán cuntasaíochta.

Déantar sna ráitis airgeadais achoimre ar idirbhearta agus ar ghlansócmhainní an Chiste. Tá glansócmhainní an Chiste cothrom le nialas amhail ar an dáta tuairiscithe.

D'ainneoin an méid suntasach gnáthscaireanna atá ag an gCiste in AIB agus i mBanc na hÉireann, níl de chumhacht an Chiste Infheistíochtaí Treoraithe a rialú, ná tionchar ceannasach ná suntasach a imirt orthu. Dá bhrí sin, ní chuireann an Coimisiún torthaí ná staid airgeadais AIB ná Bhanc na hÉireann le ráitis airgeadais an Chiste. Aistríodh an sealúchas seo chuig CISE ar an 22 Nollaig 2014.

(b) An Tréimhse Thuairiscithe

Is í an tréimhse thuairiscithe an bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014.

(c) An tAirgeadra Tuairiscithe

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe, airgeadra a chuirtear in iúl leis an tsiombail €. Tá suimeanna airgid luaite i €m ach amháin i gcásanna ina bhfuil a mhalairt curtha in iúl. Nuair a úsáidtear iad, seasann '€000' nó 'k' do mhíle euro, 'm' do mhilliún euro, agus 'bn' do bhilliún euro.

(d) Infheistíochtaí

Bhí dhá chineál infheistíochta ag an gCiste go dtí gur aistríodh chuig CISE iad.

(i) Infheistíochtaí Lánroghnacha

Infheistíochtaí a rinneadh de réir *an Achta um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, arbh infheistíochtaí iad a rinne an Coimisiún a bhainistiú agus a rialú leis an údarás lánroghnach chun straitéis infheistíochta a shocrú agus a chur i bhfeidhm chun críche ciste airgid a chur ar fáil chun costais pinsin leasa shóisialta agus seirbhíse poiblí a chlúdach amach anseo.

(ii) Infheistíochtaí Treoraithe

Bhí ag an gCoimisiún chomh maith Infheistíochtaí Treoraithe a rinneadh de réir threoracha an Aire Airgeadais de bhun Alt 19B den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* (arna leasú). Ní mór don Choimisiún na hInfheistíochtaí Treoraithe a choinneáil agus a bhainistiú, cearta vótála agus cearta eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí Treoraithe a chleachtadh, agus na hInfheistíochtaí Treoraithe a dhiúscairt de réir na dtreoracha sin.

Rinneadh aon ús nó aon ioncam eile a fuarthas i leith na dtaiscí agus/nó na hurrúis a bhí sa Phunann Treoraithe a aistriú chuig an bPunann Lánroghnach agus coinníodh i seilbh an Choimisiúin iad nó rinne an Coimisiún iad a infheistiú de réir alt 19 den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* (arna leasú) agus de réir threoracha an Aire.

Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

(e) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha

Rinneadh infheistíochtaí a thaifeadh ar bhonn a ndátaí trádála agus luadh ar a luachanna córa iad. Is mar seo a leanas a socraíodh an luach cóir le haghaidh infheistíochtaí luaite, neamhluaite, agus díorthacha, agus le haghaidh iasachtaí agus fáltas:

(i) *Infheistíochtaí Luaite*

Is ionann an luach cóir agus an luach am scoir ar an bpríomhmalartán nó ar an bpríomhmhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

(ii) *Infheistíochtaí Neamhluaite*

Déanann Bainisteoir an Chiste an luach cóir a mheas agus glacann an Coimisiún leis an luach sin. Is iad seo a leanas na príomhluachálacha neamhluaite:

Infheistíochtaí i gCistí Réadmhaoine, Cothromais Phríobháidigh, Foraoiseachta, agus Infreastruchtúir

Tá an luach cóir le haghaidh infheistíochtaí neamhluaite i gcistí réadmhaoine, cothromais phríobháidigh, foraoiseachta, agus infreastruchtúir, ar cistí iad nach bhfuil margadh gníomhach ag baint leo, bunaithe ar an luacháil iniúchta is déanaí a rinne bainisteoir seachtrach an chiste nó na comhpháirtíochta sin ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht sin. Nuair nach bhfuil fáil ar luacháil iniúchta, nuair nach dtéann deireadh bliana an Chiste nó na Comhpháirtíochta amach ag an am céanna le deireadh bliana an Chiste mar shampla, úsáidtear an luacháil neamhiniúchta is déanaí.

Úsáideann bainisteoirí seachtracha modhanna luachála a bhfuil glacadh leo san earnáil agus treoirínte arna bhfoilsíú ag comhlachtaí earnála bainteacha chun teacht ar luachálacha ar na hinfeistíochtaí seo. Agus na bainisteoirí seachtracha ag úsáid a leithéid de mhodheolaíochtaí luachála, féadann siad tosca éagsúla a chur san áireamh, ar nós iolraithe tuillimh cuideachtaí cosúla a ndéantar trádáil phoiblí ar a gcuid scaireanna, sreabhadh airgid lascaíthe, idirbhearta tríú páirtí, agus teagmhais a thugann le fios aon bhearnúchán nó aon feabhsúchán ábharach ar luach cóir na hinfeistíochta. Sa chéad bhliain den úinéireacht, is iondúil a mheastar gur meastachán iomchuí ar luachanna córa na n-infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh é an costas, ach amháin i gcásanna ina dtugtar le fios go bhfuil buanbhearnúchán ar an luach.

Féadann réimse luachanna féideartha a bheith ann i ndáil leis na hinfeistíochtaí seo agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh na luachanna córa measta ar aon dul leis na luachanna a d'úsáidfeadh dá mba rud é go mbeadh fáil ar luach margaidh ghníomhaigh dá leithéid d'infheistíochtaí.

Braitheann an Coimisiún ar na luachálacha a dhéanann na bainisteoirí seachtracha le teacht ar mheastacháin a léiríonn luach cóir infheistíochta. Tá bunaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an mBainisteoir, nósanna imeachta chun athbhreithniú a dhéanamh ó am go chéile ar luacháil an Chiste nó na Comhpháirtíochta ar infheistíochtaí réadmhaoine nó ar infheistíochtaí cothromais phríobháidigh. De réir bhreithiúnas an Choimisiúin, agus nuair atá faisnéis ábhartha ar fáil dó, féadann sé cinneadh a dhéanamh i gcásanna áirithe gurb iomchuí an luacháil arna déanamh ag bainisteoir seachtrach a choigeartú agus luach cóir na hinfeistíochta á thaifeadh aige.

Bannaí Neamhluaite

Mheas an Bainisteoir luachanna córa na mBannaí Neamhluaite le samhlacha luachála bannaí a bhí bunaithe ar shonraí ó mhargáil inbhráite.

Cistí Airgeadra agus Infheistíochtaí Neamhluaite Eile

Rinneadh luacháil ar chistí airgeadra agus ar infheistíochtaí neamhluaite eile de réir an ghlanluacha sócmhainne is déanaí a d'fhoilsigh riarthóirí na gCistí.

Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

(e) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

(iii) *lasachtaí agus Infháltais*

Is éard atá i gceist le hiasachtaí agus le hinfháltais ná sócmhainní neamhdhíorthacha airgeadais a bhfuil íocaíochtaí seasta nó inchinntithe ag baint leo agus nach bhfuil luaite ar mhargadh gníomhach. Rinneadh na hiasachtaí agus na hinfháltais a thomhas ar a gcostas amúchta le modh an ghlanráta úis lúide aon bhearnúchán.

(iv) *Díorthaigh*

Todhchaíochtaí

Rinneadh luacháil ar na conarthaí todhchaíochtaí ar úsáid bainisteoirí infheistíochta an Chiste iad trí thagairt dá luach am scoir ar mhalartán a dtrádála agus aithníodh mar shócmhainní infheistíochta iad.

Conarthaí i Malairt Eachtrach

Is é margadhluach na gConarthaí i Malairt Eachtrach an gnóthachan / cailteanas ar na conarthaí amhail ar dháta an Ráitis maidir le Glansócmhainní.

Roghanna Cothromais

I gcásanna ina raibh fáil ar fhaisnéis praghsála, baineadh feidhm as na margadhphraghasanna am scoir chun an luach cóir a léiriú.

Nuair nach raibh fáil ar na margadhphraghasanna am scoir, úsáideadh samhail de chuid Bloomberg le luacháil a dhéanamh ar na scair-roghanna cothromais.

(f) Luacháil ar Infheistíochtaí Treoraithe

Rinneadh luacháil ar na hInfheistíochtaí Treoraithe mar seo a leanas:

Gnáthscaireanna

Rinneadh luacháil ar na gnáthscaireanna a bhí i bPunann na nInfheistíochtaí Treoraithe ar a luach cóir. Is ionann an luach cóir agus an luach am scoir ar an bpríomhmalartán nó ar an bpríomhmhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luaite.

I gcásanna ina meastar nach féidir brath ar margadhphraghasanna am scoir mar mheastachán iontaofa ar an luach cóir, baintear feidhm as modheolaíochtaí iomchuí luachála le gnáthscaireanna a luacháil. I measc na modheolaíochtaí luachála a úsáideadh tá anailís ar an sreabhadh airgid lascainithe, anailís ar an gcothromas iomlán, anailís ar chuideachtaí cosúla agus anailís ar idirbhearta fasaigh.

Scaireanna Tosaíochta

Rinneadh luacháil ar na scaireanna tosaíochta a bhí i bPunann na nInfheistíochtaí Treoraithe ar a luach cóir. Faightear amach an luach cóir trí thagairt do mhodheolaíochtaí luachála, lena n-áirítear anailís ar an sreabhadh airgid lascainithe, luacháil ar an mbliantacht bunaithe ar thorthaí cuideachtaí cosúla, anailís ar chuideachtaí cosúla agus anailís ar idirbhearta fasaigh.

(g) Gnóthachain agus Cailteanais ar Infheistíochtaí

Déantar plé le gnóthachain agus le cailteanais chaipitiúla, bíodh siad réadaithe nó neamhréadaithe, sa Chuntas Ciste don bhliain ina n-eascraíonn siad (Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí).

(h) Infháltais Fhadtréimhseacha

Bhí infháltais fhadtréimhseacha luaite ar a luach cóir. Rinneadh luach cóir na n-infáltas seo a mheas trí shreafaí airgid todhchaíochta conarthacha a lascainiú ar an margadhráta a bhí ar fáil don Chiste i leith ionstraimí cosúla airgeadais.

Polasaithe Cuntasaíochta (ar lean)

(i) Comhthaobhacht Airgid Thirima d'eascair as Idirbhearta Díorthacha

Rinneadh airgead a fuarthas / a postáladh mar chomhthaobhacht a d'eascair as idirbhearta díorthacha a thaifeadadh mar shócmhainn / dhliteanas ar an Ráiteas maidir le Glansócmhainní agus rinneadh luacháil air ar a luach cóir. Rinneadh an oibleagáid chun an chomhthaobhacht a aisíoc a thaifeadadh mar dhliteanas agus rinneadh an teidlíocht chun an chomhthaobhacht a fháil a thaifeadadh mar shócmhainn sa Ráiteas maidir le Glansócmhainní.

(j) Ioncam Infheistíochta

Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí ar a luach cóir ar bhonn fabhrú. Breactar díbhinní do shochar ioncaim ar na dátaí a liostaítear na hurrúis bhainteacha mar "ex-díbhinn". Léirítear an t-ioncam gan aon cháin shiarchoinneálach neamh-in-aisghabhála a áireamh, rud a nochtar i gCuntas an Chiste mar chuid den mhuirear cánachais.

(k) Costais

Rinneadh plé le costais sa bhliain ina raibh siad dlite.

(l) Airgeadraí Eachtracha

Rinneadh na hidirbhearta uile in airgeadraí eachtracha a athrú go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar lá an idirbhirt. Rinneadh sócmhainní agus dliteanais in airgeadraí eachtracha a athrú go dtí euro ar an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta deiridh na bliana. Déantar plé le héagsúlachtaí sna rátaí malartaithe a eascraíonn as athluacháil ar infheistíochtaí agus as réiteach infheistíochtaí faoin athrú ar mhargadhluach na n-infheistíochtaí. Déantar plé le héagsúlachtaí malartaithe a eascraíonn as míreanna ioncaim mar chuid den ioncam infheistíochta.

(m) Iasachtú Urrús

Rinne an Ciste socruithe iasachtaithe urrús faoinar tugadh urrús ar iasacht do chontrapháirtithe seachtracha ar iasacht ar feadh thréimhse shocraithe. Fuair an Ciste comhthaobhacht de luach ní ba mhó ná na hurrúis a tugadh ar iasacht ar feadh thréimhse na hiasachta agus fuair sé ús i gcásanna ina ndearnadh na sócmhainní comhthaobhacha a athinfheistiú. De réir théarmaí na gcomhaontuithe iasachtaithe urrús, choimeád an Ciste an chuid ba mhó de na rioscaí agus de na buntáistí a ghabh le húinéireacht na n-urrús a bhí tugtha ar iasacht agus choimeád sé na cearta chun an tsreafa airgid a bhain leis na hurrúis, leis. Is dá bhrí sin nár baineadh na hurrúis a bhí tugtha ar iasacht de Ghlansócmhainní an Chiste agus nár aithníodh sócmhainní comhthaobhacha i Ráiteas an Chiste maidir le Glansócmhainní.

(n) Cáin Iarchurtha

Rinneadh foráil do cháin iarchurtha i leith aon chánach eachtraí breise ba dhealraitheach a bheadh iníoctha tar éis gnóthachain neamhréadaithe a réadú ar infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh. Rinneadh an cháin iarchurtha a ríomh de réir na meánrátaí cánach a bhíodhas ag súil a bheadh i bhfeidhm tráth a raibh na gnóthachain le réadú.

Cuntas an Chiste

	Tabhair do d'aire	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2014 €m	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2013 €m
An Phunann Lánroghnach			
- Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha	1	87	146
- Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí	6(e)	254	270
- Cáin	2	(1)	(4)
Toradh ar na hInfheistíochtaí Lánroghnacha		340	412
Punann na nInfheistíochtaí Treoraithe			
- Ioncam ó Infheistíochtaí Treoraithe	3	31	373
- Athrú ar Luach na nInfheistíochtaí	9(b)	1,923	4,420
Toradh ar Infheistíochtaí Treoraithe		1,954	4,793
Toradh Iomlán na hInfheistíochta i ndiaidh na Cánach		2,294	5,205
Aistriú chuig an gCuntas Riaracháin	5	(8)	(13)
Toradh Iomlán na hInfheistíochta i ndiaidh na Cánach agus Costas		2,286	5,192
(Aistarraingtí) / Ranníocaíochtaí			
- Aistarraingt ag an Státhchiste	4(a)	(10)	--
- Sócmhainní Aistrithe chuig an gCiste	4(b)	0	1
- Sócmhainní a aistríodh chuig CISE	4(c)	(22,153)	--
Iomlán na (nAistarraingtí) / Ranníocaíochtaí		(22,163)	1
(Laghdú) / Méadú ar an gCiste i rith na Bliana		(19,877)	5,193
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Tús na Bliana		19,877	14,684
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Deireadh na Bliana		--	19,877

Tá na polasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



Conor O'Kelly, Coimisinéir

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

An 15 Meitheamh 2015

An Ráiteas maidir le Glansócmhainní

	Tabhair do d'aire	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2014 €m	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2013 €m
An Phunann Lánroghnach			
Infheistíochtaí Lánroghnacha	6	--	6,222
Sócmhainní Neamhreacha	7(a)	--	330
Sócmhainní Reatha	7(b)	--	305
Dliteanais Reatha	8(a)	--	(34)
Glansócmhainní - An Phunann Lánroghnach		--	6,823
Punann na nInfheistíochtaí Treoraithe			
Infheistíochtaí Treoraithe	9 (a)	--	13,054
Glansócmhainní - An Phunann Threoraithe		--	13,054
Glansócmhainní an Chiste amhail ag Deireadh na Bliana		--	19,877

Tá na polasaithe cuntasáíochta agus nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



Conor O'Kelly, Coimisinéir
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

An 15 Meitheamh 2015

An Cuntas Riaracháin

	Tabhair do d'aire	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2014 €000	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2013 €000
Aistriú ó Chuntas an Chiste	5	7,795	12,776
Táillí agus Costais Riaracháin Ghinearálta	5(a)	(7,754)	(12,746)
Táillí agus Costais a bhaineann le hInfheistíochtaí Treoraithe	5(b)	(41)	(30)
		--	--

Tá na polasaithe cuntasáochta agus nótaí 1 go dtí 16 ina gcuid de na ráitis airgeadais seo.



Conor O'Kelly, Coimisinéir

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

An 15 Meitheamh 2015

An Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid

	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2014	Bliain dar críoch An 31 Nollaig 2013
SREABHADH AIRGID NA nINFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNA-CHA	€m	€m
Sreabhadh Airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Ceannach Infheistíochtaí	(5,815)	(4,926)
Fáltais ó Dhíol Infheistíochtaí	5,079	4,286
Ioncam a Fuarthas	87	138
Ús agus Aisiocaíochtaí Cánach a Fuarthas	4	2
Costais Oibriúcháin a Íocadh	(8)	(13)
Glan-Chomhthaobhacht Airgid Thirim (a íocadh) / a Fuarthas	(60)	15
Glanairgead mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(713)	(498)
Sreabhadh Airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú ó Phunann na nInfheistíochtaí Treoraithe	4	340
Airgead tirim a aistríodh chuig CISÉ	(55)	--
Glanairgead mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe	(51)	340
Glanlaghdú ar Airgead Tirim	(764)	(158)
Airgead tirim ag tús na bliana	792	871
Gnóthachan / (Cailteanas) Malairte ar Airgead Tirim	(28)	79
Glanlaghdú ar Airgead Tirim	(764)	(158)
Airgead Tirim ag Deireadh na Bliana	--	792
SREABHADH AIRGID NA nINFHEISTÍOCHTAÍ TREORAITHE	€m	€m
Sreabhadh Airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		
Glanfáltais ó Infheistíochtaí	10	1,885
Ioncam a Fuarthas	4	340
Glanairgead mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	14	2,225
Sreabhadh Airgid mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú go dtí an Phunann Lánroghnach	(4)	(340)
Aistarraingt ag an Státhiste	(10)	--
Glanairgead mar thoradh ar Ghníomhaíochtaí Maoinithe	(14)	(340)
Glanmhéadú ar Airgead Tirim	--	1,885
Airgead Tirim ag Deireadh na Bliana	--	1,885

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA

	2014 €m	2013 €m
Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha		
Gnáthscaireanna	36	77
Bannaí	44	21
Cothromas Príobháideach	(4)	22
Réadmhaoin	8	13
Taiscí	1	1
Ioncam Eile	2	12
	87	146

2. CÁNACHAS

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmhaithe ón gCáin Chorparáide Éireannach de réir alt 30 den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*. D'fhéadfadh sé go mbeadh an Ciste faoi dhliteanas cánacha i ndlínsí thar lear, áfach, áiteanna nach bhfuil fáil aige ar dhíolúintí iomlána ón gcáin.

D'fhéadfadh sé chomh maith go mbeadh díbhinní agus ús faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha a fhorchuireann an tír ina bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. D'fhéadfadh dáiltí ioncain agus gnóthachan a fhaigheann an Ciste mar thoradh ar a chuid infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh a bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. D'fhéadfadh an Ciste a bheith faoi réir cánacha eachtracha eile a bhíonn iníoctha go bliantúil ar infheistíochtaí áirithe i gcistí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh, bunaithe ar luach a gcuid sócmhainní ar an dáta tuairiscithe.

D'fhéadfadh cáin iarchurtha a eascairt as gnóthachain neamhréadaithe ó infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine nó cothromais phríobháidigh i gcásanna ina mbeifí ag súil leis go mbeadh cáin bhreise le hóc i leith na ngnóthachan seo tráth a ndiúscartha.

Seo a leanas cuntas ar na cánacha eachtracha a bhfuil foráil déanta dóibh:

	2014 €m	2013 €m
Athshlánú Cánach Siarchoinneálaí	2	1
Cánacha Eachtracha ar Ioncam	(3)	(5)
Glanhostas Cánach	(1)	(4)

In 2014 fuair an Ciste €2.0m in aisíocaíochtaí cánach siarchoinneálaí i ndáil le hathéilimh chánach a cuireadh isteach i leith na mblíanta 2007 go dtí 2014.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

3. IONCAM Ó INFHEISTÍOCHTAÍ TREORAITHE

	2014 €m	2013 €m
Ioncam ó Infheistíochtaí Treoraithe		
Ioncam a Fuarthas - Banc na hÉireann	--	340
Ioncam a Fuarthas - Bainc-Aontas Éireann	27	33
Ioncam a Fuarthas - Ionstraimí Airgid Thirim	4	--
	31	373

Ní bhfuarthas aon ioncam ó Bhanc na hÉireann in 2014 (2013: €340m) de bharr gur díoladh na scaireanna tosaíochta sa bhanc i mí na Nollag 2013.

De bhrí go bhfuil scaireanna tosaíochta in AIB ina sheilbh, tá CNP i dteideal díbhinn bhliantúil. I mí na Bealtaine 2014, d'fhógair AIB go n-íocfadh sé an díbhinn €280m i leith na scaireanna tosaíochta trí 2,177m gnáthscair a eisiúint mar chomaoin. De réir Airteagail Chomhlachais AIB, bunaítear na gnáthscaireanna a eisítear ar an margadhphraghas luaite thar thréimhse fhorordaithe ama. Tar éis an insteallta caipitil a tugadh do AIB i mí Iúil 2011, ní rabhthas in ann brath ar an margadhphraghas luaite chun luach gnóthais AIB a fháil amach de bharr nach raibh méid trádála na scaireanna ag teacht le líon na scaireanna a bhí eisithe. Mar thoradh air sin agus mar gheall ar mhéid suntasach na ngnáthscaireanna atá ag an gCiste in AIB, rinne Coimisiún CNP anailís ar chuideachtaí luaite cosúla chun luach cóir €27m (2013: €33m) a chur ar an díbhinn i leith na scaireanna tosaíochta a fuarthas in 2014 mar ghnáthscaireanna, bunaithe ar chomhairle neamhspleách luachála ag deireadh na bliana.

Is é an t-ioncam a fuarthas ó Ionstraimí Airgid Thirim an t-ús a fuarthas ó na nótaí de chuid Státchiste na hÉireann a rinneadh a infheistiú in 2014.

4. AISTARRAINGTÍ / RANNÍOCAÍOCHTAÍ

(a) Aistarraingtí / Ranníocaíochtaí an Státchiste

De réir alt 18(2) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, éilíodh ar an Aire Airgeadais ranníocaíocht bhliantúil ba chomhionann le 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) a dhéanamh leis an gCiste.

Rinneadh an tAcht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 a leasú in 2010 leis an *Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010* chun foráil a dhéanamh go mbeadh an ranníocaíocht bhliantúil ní ba lú ná 1% de OTN, nó nach ndéanfaí aon ranníocaíocht leis an gCiste.

Tugadh €3.0bn don Chiste i gcaitheamh 2009 chun críocha Banc na hÉireann agus AIB a athchaipitliú. Faoin *Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009*, aistríodh sócmhainní na gcistí pinsin a bhí ag 16 ollscoil agus comhlacht neamhthráchtála stáit, de luach iomlán €2.1bn, chuig an gCiste idir 2009 agus 2012. Is mar thoradh ar na ranníocaíochtaí seo a bhí na ranníocaíochtaí bliantúla nach mór don Aire Airgeadais a dhéanamh leis an gCiste réamhíochta suas go dtí tús na bliana 2012. Faoi I.R. 584, Ordú faoin *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* (Cur ar Fionraí Ranníocaíocht an Státchiste) 2012, thug an tAire treoir nach ndéanfaí aon ranníocaíocht eile leis an gCiste in 2012 ná in 2013. (Féach Nóta 13 chomh maith). Ní dhearnadh aon aistarraingt ón gCiste in 2012 ná in 2013.

Sonraítear i Sceideal 4 den Acht um GBCN nach bhfuil feidhm ag alt 18(2) den Acht um CNP, 2000 "sa bhliain ina gcuirfean an Ciste ar bun". Tháinig na codanna ábhartha den Acht um GBCN i bhfeidhm ar an 22 Nollaig 2014, rud a fhágann nach ndearna an tAire Airgeadais aon ranníocaíocht leis an gCiste in 2014.

De bhun treorach a fuarthas ón Aire faoi alt 19B(c) den Acht um GBCN, chuir an Coimisiún €10 milliún ar fáil do Chorparáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann ("SBCI") chun críche suibscríbhinn gnáthscaireanna an Aire Airgeadais a mhaoiniú i mí Mheán Fómhair 2014.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. AISTARRAINGTÍ / RANNÍOCAÍOCHTAÍ (ar lean)

(a) Aistarraingtí / Ranníocaíochtaí an Státhchiste (ar lean)

Sócmhainní a aistríodh tar éis treorach a fháil ón Aire

	2014 €m	2013 €m
Sócmhainní a aistríodh	(10)	--

(b) Sócmhainní a aistríodh chuig an gCiste

	2014 €m	2013 €m
Sócmhainní a aistríodh	--	1

Aistríodh iarmhéideanna iarmharacha airgid de luach €0.1m (2013: €1.4m) ar an iomlán chuig an gCiste ó chuntais na n-ollscoileanna i rith 2014.

(c) Sócmhainní a aistríodh chuig CISE

Cuireadh CISE ar bun an 22 Nollaig 2014 de bhun alt 38(1) den *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2014* ("an tAcht um GBCN"). D'athraigh sócmhainní agus dliteanais an Chiste ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISE tráth ar cuireadh tús le hAlt 38(2) den Acht um GBCN ach amháin i gcás roinnt sócmhainní agus dliteanais eachtracha.

An 22 Nollaig 2014 aistríodh na sócmhainní uile a bhí faoi rialú dhlí na hÉireann ó Choimisiún CNP chuig GBCN uathu féin (tráth ar athraigh siad ina sócmhainní de chuid CISE). Níl ach aon choimisinéir amháin (.i. Príomhfheidhmeannach GBCN) i gCoimisiún CNP ó shin i leith, duine a n-éilítear air leis an Acht um GBCN a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú dlíthiúil aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill (Nóta 4(d)).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. AISTARRAINGTÍ / RANNÍOCAÍOCHTAÍ (ar lean)

(c) Sócmhainní a aistríodh chuig CISÉ (ar lean)

Tá breac-chuntas tugtha thíos ar na sócmhainní a aistríodh ó CNP chuig CISÉ ar an 22 Nollaig 2014:

	2014 €m
An Phunann Lánroghnach	
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	1,772
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	1,724
Gnáthscaireanna	1,248
Bannaí	868
Taiscí, Airgead Tirim agus Infheistíochtaí Eile	361
Fiachas	321
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	288
Infheistíochtaí Réadmhaoine	242
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	230
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	76
Roghanna Cothromais	30
Infheistíochtaí Foraoiseachta	25
Gnóthachan / (caillteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí todhcháiochtaí	(7)
Gnóthachan / (caillteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí i malairt eachtrach	(32)
	7,146
Sócmhainní Reatha	396
Dliteanais Reatha	(395)
Eile (féach nóta 4(d))	13
Iomlán na Punainne Lánroghnaí	7,160
An Phunann Threoraithe	
Infheistíochtaí Treoraithe	13,119
Taiscí, Airgead Tirim agus Infheistíochtaí Eile	1,874
Iomlán na Punainne Treoraithe	14,993
Iomlán an Chiste amhail ar an 21 Nollaig 2014	22,153

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

4. AISTARRAINGTÍ / RANNÍOCAÍOCHTAÍ (ar lean)

(d) Sócmhainní ar dhí-aithin CNP iad

Is casta an rud é aistriú dlíthiúil na sócmhainní eachtracha ó CNP chuig CISE agus bhí roinnt sócmhainní eachtracha fós sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014. Dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí i seilbh an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014 agus tá siad aitheanta agus curtha i láthair anois mar chuid de Ráitis Airgeadais CISE don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir na gcaighdeán cuntasaíochta.

Tá breac-chuntas tugtha thíos ar na sócmhainní a bhí fós faoi úinéireacht dlíthiúil an Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014:

	2014 €m
An Phunann Lánroghnach	
Gnáthscaireanna	1,084
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	273
Infheistíochtaí Réadmhaoine	242
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	169
Taiscí, Airgead Tirim agus Infheistíochtaí Eile	2
	1,770
Sócmhainní Reatha	37
Dlíteanais Reatha	(7)
Iomlán na Sócmhainní ar dhí-aithin CNP iad	1,800

Tá an €1,800m atá luaithe thuas san áireamh sna sócmhainní de luach €22,153m a aistríodh ó CNP chuig CISE. Ba é an t-athrú ar luach na sócmhainní seo le himeacht na tréimhse ón 22 Nollaig go dtí an 31 Nollaig 2014 ná €13m.

Ba é margadhluach na sócmhainní a bhí fós le haistriú chuig CISE amhail ar an 30 Aibreán 2015 ná €240m.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. COSTAIS

Is í an tsuim a bhí ag teastáil chun costais bainistíocht agus riarachán infheistíochta an Choimisiúin a chlúdach ná €7.8m (2013: €12.8m).

De réir alt 26 (1) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, éilítear ar an gCoimisiún cuntas ar leith a thabhairt ar na costais riaracháin agus ar na costais eile a thabhaíonn sé agus an Ciste á fheidhmiú aige. Tá leagtha amach thíos na costais sin:

(a) Táillí agus Costais Ghinearálta Riaracháin

	2014 €000	2013 €000
Táillí na mBainisteoirí Infheistíochta	3,041	7,897
Táillí Dlí agus Comhairle Cánach	1,707	854
Táillí an Taisceánaigh Dhomhanda	1,451	975
Córais agus Seirbhísí	1,081	2,599
Táillí an Choimisiúin	175	190
Táillí Sainchomhairliúcháin	132	110
Táillí Iniúchóireachta Inmheánaí	132	88
Táillí Iniúchóireachta Seachtraí	32	32
Costais an Choimisiúin	3	1
	7,754	12,746

(b) Táillí agus Costais a bhaineann le hInfheistíochtaí Treoraithe

	2014 €000	2013 €000
Táillí Comhairleacha	41	30
Iomlán na gCostas	7,795	12,776

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

5. COSTAIS (ar lean)

(c) Luach Saothair agus Costais

Is é an tAire Airgeadais a shocraíonn luach saothair chomhaltaí an Choimisiúin. Tá leagtha amach thíos an luach saothair do na blianta 2014 agus 2013:

	2014 €	2013 €
An tUas. Paul Carty - An Cathaoirleach	49,934	51,424
An tUas. John Óg A. Canning	--	1,714
An Dr. Brian Hillery	17,141	34,283
An tUasal Maurice A. Keane	33,289	34,283
An tUasal Knut N. Kjær	33,289	34,283
An tOll. Frances Ruane*	33,289	34,283
An tUas. John C. Corrigan (comhalta de bhri oifige)	--	--
	166,942	190,270

* Tá an tOllamh Frances Ruane fostaithe ag an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus ní bhfuair sí aon táillí i leith a róil mar Choimisinéir dá bhri sin. Íocadh na táillí seo go díreach leis an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.

Tá leagtha amach thíos na costais atá iníoctha i leith chomhaltaí an Choimisiúin. Bhain na costais sin le costais taistil agus lóistín a thabhaigh comhaltaí a raibh cónaí orthu thar lear agus aisiocadh ar bhonn deimhnithe iad. Is é an cháin i ndáil le 2014 atá iníoctha ag an gCiste leis na Coimisinéirí loncaim i leith na gcostas cúitithe ná €1,121.

Comhalta den Cho- imisiún	Taisteal €	Lóistín agus Cothabháil €	Cáin €	Iomlán 2014 €	Iomlán 2013 €
An tUasal Knut N. Kjær	781	434	1,121	2,336	1,461

(d) I dteannta na gcostas thuasluaite, bhí na costais a thabhaigh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina cáil mar Bhainisteoir an Chiste cothrom le €6.2m (2013: €3.9m). Gearrtar na costais seo ar an Lárchiste agus níl siad san áireamh sa mhéid thuas.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. SÓCMHAINNÍ NA nINFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA

D'athraigh sócmhainní agus dliteanais uile an Chiste ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ tráth ar cuireadh tús leis na codanna ábhartha den Acht um GBCN ar an 22 Nollaig 2014. Dhí-aithin Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí fós sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014 agus tá siad curtha i láthair anois mar chuid de Ráitis Airgeadais CISÉ don tréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2014 de réir na gcaighdeán cuntasaíochta.

(a) Achoimre ar Shócmhainní

	2014 €m	2013 €m
Infheistíochtaí Luaite		
Gnáthscaireanna	--	2,374
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	--	699
Bannaí Corparáide	--	476
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	--	299
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	--	73
Iomlán na nInfheistíochtaí Luaite	--	3,921
Infheistíochtaí Neamhluaite		
Infheistíochtaí Réadmhaoine	--	347
Bannaí Corparáide	--	185
Airgeadraí agus Cistí Infheistíochta Eile	--	173
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	--	150
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	--	126
Infheistíochtaí Neamhluaite	--	117
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	--	70
Infheistíochtaí Foraoiseachta	--	37
Bannaí Eile	--	32
Iomlán na nInfheistíochtaí Neamhluaite	--	1,237
Iasachtaí agus Infháltais		
Fiachas Eile	--	162
Bannaí Eile	--	8
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	--	16
Iomlán na nIasachtaí agus na nInfháltas	--	186
Díorthaigh		
Roghanna Cothromais	--	70
Conarthaí Toghcháin Cothromais	--	(18)
Conarthaí i Malairt Eachtrach	--	34
Iomlán na nDíorthach	--	86
Airgead tirim		
Taisc agus Airgead Tirim	--	792
Iomlán	--	6,222

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. SÓCMHAINNÍ NA nINFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA (ar lean)

(b) Anailís de réir Catagóiríú Geografach

	2014 €m	2013 €m
An Eoraip		4,215
Meiriceá Thuaidh	--	1,537
Margaí Éiritheacha	--	333
Réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise	--	137
	--	6,222

(c) Bhí sócmhainní infheistíochta an Chiste coinnithe mar seo a leanas amhail ag deireadh na bliana:

	2014 €m	2013 €m
Bainisteoirí Infheistíochta		
BlackRock Advisors (UK) Limited	--	866
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	--	721
Deutsche Asset Management International GmbH	--	481
State Street Global Advisors Limited	--	254
Acadian Asset Management Inc.	--	148
Citigroup Global Markets Limited	--	148
Putnam Investments Limited	--	127
Principal Global Investors (Europe) Limited	--	102
Goldman Sachs Asset Management International	--	100
Oechsle International Advisors Llc	--	74
Batterymarch Financial Management, Inc	--	54
Schroder Investment Management (Singapore) Limited	--	39
	--	3,114
Infheistíochtaí eile		
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	--	849
Cistí Cothromais Domhanda Íseal-Luaineachta	--	614
Infheistíochtaí Réadmhaoine Neamhluaite	--	347
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	--	299
Airgeadraí agus Cistí Eile Neamhluaite	--	246
Bannaí Corparáide Neamhluaite	--	185
Fiachas Eile	--	162
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh Neamhluaite	--	126
Generation Investment Managers	--	117
Ciste Infreastruchtúir Éireannaigh Neamhluaite	--	86
Bannaí Eile	--	40
Infheistíochtaí Foraoiseachta	--	37
	--	3,108
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	--	6,222

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. SÓCMHAINNÍ NA nINFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA (ar lean)

(d) Luacháil ar Infheistíochtaí

Déantar luacháil ar shócmhainní infheistíochta an Chiste ar a luachanna córa de réir mar atá leagtha amach sa pholasáí cuntasáíochta um luacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí.

Tá anailísiú déanta sa tábla seo a leanas ar na sócmhainní infheistíochta a bhfuil a luachanna córa bunaithe ar:

- Leibhéal 1 - Praghsanna luaite ar mhargaí gníomhacha le haghaidh sócmhainní nó dliteanais chomhionanna.
- Leibhéal 2 - Teicnící luachála nach bhfuil i gceist leo ach ionchuir shamhla atá le feiceáil sa mhargadh.
- Leibhéal 3 - Teicnící luachála nach bhfuil ionchuir shamhla atá le feiceáil sa mhargadh i gceist leo.

	2014 Leibhéal 1 €m	2014 Leibhéal 2 €m	2014 Leibhéal 3 €m	2014 Iomlán €m	2013 Iomlán €m
(i) Gnáthscaireanna agus Cistí Bainistithe Luaite					
Urrúis Chothromais Luaite	--	--	--	--	2,374
Ciste Cothromais Domhanda	--	--	--	--	117
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	--	--	--	--	299
Airgeadraí agus Cistí Eile	--	--	--	--	246
Infheistíochtaí Foraoiseachta	--	--	--	--	37
(ii) Urrúis Fiachais					
Urrúis Fiachais Luaite	--	--	--	--	476
Urrúis Fiachais Neamhluaite	--	--	--	--	387
(iii) Comhpháirtíochtaí Teoranta / Iontaobhais					
Réadmhaoin	--	--	--	--	347
Cothromas Príobháideach	--	--	--	--	126
Infreastruchtúr	--	--	--	--	86
(iv) Sócmhainní Airgeadais Díorthacha					
Conarthaí Todhchaíochtaí	--	--	--	--	(18)
Roghanna Cothromais	--	--	--	--	70
Conarthaí i Malairt Eachtrach	--	--	--	--	34
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	--	--	--	--	1,641
	--	--	--	--	6,222

I measc na sócmhainní infheistíochtaí a cuireadh san áireamh i Leibhéal 3 bhí infheistíochtaí réadmhaoine, cothromais príobháidigh, infreastruchtúir, agus foraoiseachta, arb infheistíochtaí iad nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ag baint leo. Bhraith an Ciste ar luachálacha a fuair sé ó bhainisteoirí seachtracha le luacháil a dhéanamh ar a leithéid d'infheistíochtaí, mar atá leagtha amach sa pholasáí cuntasáíochta.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

6. SÓCMHAINNÍ NA nINFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA (ar lean)

(d) Luacháil ar Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

Tá léirithe sa tábla seo a leanas réiteach na n-athruithe uile ar luachanna córa sócmhainní infheistíochta atá catagóirithe faoi Leibhéal 3 idir tús na bliana agus deireadh na bliana:

Sócmhainní Infheistíochta san áireamh i Leibhéal 3

	2014 €m	2013 €m
Túsluacháil	588	1,271
Glanbhrabúis agus glanchaillteanais iomlána Leibhéal 3 i gCuntas an Chiste	73	16
Glanluach na n-aistrithe isteach i Leibhéal 3 nó amach as	(661)	(699)
Luacháil Dheiridh	--	588

I measc na n-aistrithe isteach i Leibhéal 3 agus amach as tá díolacháin de luach €163m (2013: €813m) ar an iomlán, aistrithe chuig CISE de luach €588m, agus ceannacháin de luach €102m (2013: €120m) ar an iomlán i ndáil le hinfheistíochtaí Réadmhaoine, Cothromais Phríobháidigh, agus Infreastruchtúir.

(e) Is mar seo a leanas a bhí an tAthrú ar Luach na nInfheistíochtaí Lánroghnacha a bhí i seilbh an Chiste i rith na bliana:

	2014 €m	2013 €m
Luach na nInfheistíochtaí ag Tús na Bliana	6,222	6,056
Gnóthachain Réadaithe ar Infheistíochtaí	510	205
(Caillteanas)/Gnóthachan Neamhréadaithe ar Infheistíochtaí	(256)	65
Aistriú chuig an gCiste (Nóta 4)	--	1
Aistriú ó Phunann na nInfheistíochtaí Treoraithe	4	340
Gluaiseacht i Socruithe atá ar Feitheamh	292	(281)
Aistriú go dtí Infháiltas Fadtéarmach	330	(306)
Gluaiseacht i gCúlbhannaí Airgid Thirim	(25)	15
Costais Ciste Íoctha	(8)	(13)
GLUAISEACHT GLANCHISTÍ	91	140
Sócmhainní a aistríodh chuig CISE	(7,160)	--
Iomlán na nInfheistíochtaí	--	6,222

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

7(a) SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA

	2014 €m	2013 €m
Infháltais Fhadtréimhseacha	--	330

7(b) SÓCMHAINNÍ REATHA

	2014 €m	2013 €m
Suimeanna Infhála le haghaidh Urrús a Díoladh	--	283
Ús Fabhráithe ar Urrúis Ioncaim Sheasta	--	10
Ioncam Infhála Eile	--	7
Díbhinní Infhála	--	2
Athshlánú Cánach In-aisghabhála	--	3
	--	305

8(a) DLITEANAIS REATHA

	2014 €m	2013 €m
Comhthaobhacht Airgid Thirim ag eascairt ó Idirbhearta Díorthacha (8b)	--	24
Suimeanna Iníoctha le haghaidh Urrús a Ceannaíodh	--	3
Táillí Bhainisteoir an Chiste is Iníoctha	--	3
Táillí Iníoctha an Taisceánaigh Dhomhanda	--	1
CBL is Iníoctha agus Caiteachais Fhabhráithe Eile	--	3
	--	34

8(b) COMHTHAOBHACHT AIRGID THIRIM A D'EASCAIR AS IDIRBHEARTA DÍORTHACHA

	2014 €m	2013 €m
Iarmhéid Tosaigh	24	9
Cúlbhannaí Airgid Thirim a íocadh le Contrapháirtithe	(224)	(291)
Cúlbhannaí Airgid Thirim a fuarthas ó Chontrapháirtithe	165	306
Comhthaobhacht a aistríodh chuig CISÉ	35	--
Glan-Chomhthaobhacht Airgid ar Láimh	--	24

Is éard atá i gceist leis an gcomhthaobhacht airgid thirim a d'eascair as idirbhearta díorthacha faoi larscríbhinní Tacaíocht Chreidmheasa (ITC) ná taiscí airgid thirim a bhí le contrapháirtithe díorthacha nó a tháinig ó chontrapháirtithe díorthacha. Is minic a athraíonn na hiarmhéideanna seo ó lá go lá agus braitheann siad ar mhargadhluach na ndíorthach a bhfuil siad bunaithe orthu.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. INFHEISTÍOCHTAÍ TREORAITHE

Thug an tAcht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009 de chumhacht don Aire Airgeadais treoir a thabhairt don Choimisiún infheistíocht a dhéanamh in institiúidí airgeadais nó eisiúintí scaireanna arna ndéanamh ag na hinstiúidí seo a fhrithghealladh. Rinneadh na chéad Infheistíochtaí Treoraithe in 2009.

Cuireadh CISÉ ar bun an 22 Nollaig 2014 de bhun alt 38(1) den Acht um GBCN. D'athraigh sócmhainní agus dliteanais an Chiste ina sócmhainní agus dliteanais de chuid CISÉ tráth ar cuireadh tús le hAlt 38(2) den Acht um GBCN ach amháin i gcás roinnt sócmhainní agus dliteanais eachtracha. Aistríodh na sócmhainní uile a bhí faoi rialú dhlí na hÉireann, na hInfheistíochtaí Treoraithe san áireamh, trí fheidhmiú dlí ar an dáta seo.

(a) Luacháil ar na hInfheistíochtaí Treoraithe

	Aonaid 2013 Milliún	Luacháil (€) San Aonad	2014 €m	2013 €m
Banc na hÉireann (BoI)				
Gnáthscaireanna ¹	4,512	0.2520	--	1,137
Bainc-Aontas Éireann (AIB)				
Gnáthscaireanna ²	520,379	0.01252	--	6,515
Scaireanna Tosaíochta ²	3,500	1.00490	--	3,517
				10,032
Iomlán Shócmhainní na nInfheistíochtaí Treoraithe				11,169
Airgead Tirim na nInfheistíochtaí Treoraithe			--	1,885
Iomlán na nInfheistíochtaí Treoraithe			--	13,054

De bhun treorach dar dáta an 4 Nollaig 2013, thug an tAire Airgeadais treoir don Chiste na fáiltais airgid thirim ó dhíol na scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann a infheistiú in urrúis a ndeimhniú an tAire iad ar na rátaí margaidh a bhí i réim. Aistríodh na hurrúis seo, a raibh luach €1,874m curtha orthu, ón gCiste chuig CISÉ ar an 22 Nollaig 2014.

(1) Bhí an luacháil ar na gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann don bhliain 2013 bunaithe ar na praghsanna luaithe.

(2) Mar gheall gur infheistíochtaí neamhluaite, neamhthrádáiile iad na scaireanna tosaíochta in AIB, agus mar gheall ar shealúchas gnáthscaireanna an Chiste in AIB (99.8%), d'fhostaigh an Coimisiún Goodbody Corporate Finance ("Goodbody") chun luach cóir neamhspleách a chur ar na hinfheistíochtaí amháin ar an 31 Nollaig 2013.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. INFHEISTÍOCHTAÍ TREORAITHE (ar lean)

(b) Achoimre ar an athrú ar an luacháil ar na hInfheistíochtaí Treoraithe

	2014 €m	2013 €m
Banc na hÉireann		
Túsluacháil	1,137	2,198
Díbhinní a Fuarthas	--	340
Gnóthachan Infheistíochta i rith na Bliana	284	823
Fuascailt Scaireanna Tosaíochta	--	(1,884)
Aistriú chuig Infheistíochtaí Lánroghnacha	--	(340)
Ar aistríodh chuig CISÉ	(1,421)	--
Luacháil Dheiridh	--	1,137
Bainc-Aontas Éireann		
Túsluacháil	10,032	6,402
Díbhinní a Fuarthas	27	33
Gnóthachan Infheistíochta i rith na Bliana	1,639	3,597
Ar aistríodh chuig CISÉ	(11,698)	--
Luacháil Dheiridh	--	10,032

Rinne EY na scaireanna tosaíochta agus na gnáthscaireanna in AIB a luacháil ar an 21 Nollaig 2014 ach úsáid a bhaint as modheolaíochtaí luachála a bhí cosúil leo siúd a úsáideadh in 2013, rud a chuir méadú €1.64bn in iúl. Aistríodh na sócmhainní chuig CISÉ ar an 22 Nollaig 2014.

Agus luach cóir na hInfheistíochtaí Treoraithe amhail ar an 31 Nollaig 2013 á mheas, chuir Goodbody roinnt modheolaíochtaí luachála faoi chaibidil, lena n-áirítear anailís ar an sreabhadh airgid lascaínte, luacháil ar an mbliantacht arna bhunú ar thorthaí cuideachtaí cosúla, anailís ar chuideachtaí cosúla agus anailís ar idirbhearta fasaigh. Measadh gurbh í anailís ar chuideachtaí cosúla an mhodheolaíocht ab oiriúnaí chun críocha na gnáthscaireanna in AIB a luacháil. Chun críocha na scaireanna tosaíochta in AIB a luacháil, measadh gurbh iad luacháil ar an mbliantacht arna bhunú ar thorthaí cuideachtaí cosúla agus anailís ar chuideachtaí cosúla na modheolaíochtaí ab oiriúnaí.

(c) Achoimre ar na hInfheistíochtaí Treoraithe

Ó 2009 i leith, tá €16.0 billiún de shócmhainní an Chiste infheistithe in AIB agus €4.7bn i mBanc na hÉireann, tar éis treoir a fháil ón Aire Airgeadais, trí mheascán de ghnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta agus trí ranníocaíocht chaipitil (i gcás AIB amháin).

I leith na scaireanna tosaíochta íoctar díbhinn sheasta, bhliantúil, neamhchearnach 8% i gcás AIB agus 10.25% i gcás Bhanc na hÉireann. Mura n-íoctar an díbhinn in airgead tirim, gheobhaidh an Ciste an díbhinn i bhfoirm gnáthscaireanna. Féadann na bainc na scaireanna tosaíochta a cheannach ar ais ar €1 in aghaidh na scaire laistigh de na chéad chúig bliana agus ar €1.25 in aghaidh na scaire d'éis na tréimhse sin. Tháinig an méadú seo go dtí €1.25 in aghaidh na scaire in éifeacht i mí na Bealtaine 2014 agus bhí sé ina chúis le méadú €875m ar an infheistíocht le himeacht na bliana. Ní raibh aon fheidhm aige seo ar an ioncam ón díbhinn.

Ó cuireadh an scéim ar bun, tá €4.2bn faighte in airgead tirim i bhfoirm díbhinní agus ioncain eile (€1.3bn), agus mar thoradh ar infheistíochtaí treoraithe a dhíol (€2.9bn).

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

9. INFHEISTÍOCHTAÍ TREORAITHE (ar lean)

(d) Idirbhearta Infheistíochtaí Treoraithe i gcaitheamh 2014

Ní dhearnadh aon infheistíocht treoraithe nua in 2014. Aistríodh na hInfheistíochtaí Treoraithe chuig CISÉ ar an 22 Nollaig 2014 tar éis theacht i bhfeidhm na bhforálacha ábhartha den Acht um GBCN. Amhail ar dháta an aistrithe, bhí 99.8% de AIB agus 13.95% de Bhanc na hÉireann faoi úinéireacht an Chiste.

I mí na Bealtaine 2014, d'íoc AIB díbhinn €280m i bhfoirm gnáthscaireanna a bhí dlite i leith na scaireanna tosaíochta. Fuair an Ciste 2,177m (2013: 4,144m) gnáthscair in AIB. Meastar gurb ionann luach cóir na ngnáthscaireanna a fuarthas agus €27m bunaithe ar chomhairle neamhspleách luachála ag deireadh na bliana.

Aistríodh ioncam €4m a fuarthas ó Ionstraimí Airgid Thirim ón bPunann Threoraithe chuig an bPunann Lánroghnach de réir alt 19 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 (arna leasú) agus de réir treoracha a fuarthas ón Aire.

(e) Treoracha ón Aire i rith 2014

De bhun treorach dar dáta an 15 Bealtaine 2014, thug an tAire Airgeadais treoir do Choimisiún CNP (de réir alt 19B(1) den Acht um CNP) Litir Thoilithe a fhorghníomhú le Caipiteal AIB a laghdú, mar litir ceangailte leis an treoir go príomha. Aistríodh na scaireanna a bhí ag Coimisiún CNP in AIB chuig GBCN trí fheidhmiú dlí ar an 22 Nollaig 2014.

De bhun treorach dar dáta an 10 Meán Fómhair 2014 faoi alt 19B(c) den Acht um GBCN, chuir an Coimisiún €10 milliún ar fáil do Chorpáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann ("SBCI") chun críche suibscríbhinn gnáthscaireanna an Aire Airgeadais a mhaoiniú i mí Mheán Fómhair 2014. (Nóta 4a).

De bhun treorach dar dáta an 30 Deireadh Fómhair 2014, thug an tAire Airgeadais treoir do Choimisiún CNP saoráid iasachta €240 milliún a chur ar fáil do Chorpáid Baincéireachta Straitéisí na hÉireann ("SBCI"). Le tarraingt anuas na saoráide iasachta sin a éascú, tugadh treoir do Choimisiún CNP chomh maith urrúis áirithe a dhiúscairt agus fáiltais na diúscairthe sin a choinneáil mar urrúis ghearrthéarmacha agus / nó i dtaisce. Aistríodh an tsaoaráid iasachta sin ó Choimisiún CNP chuig GBCN trí fheidhmiú dlí ar an 22 Nollaig 2014.

10. CEANGALTAIS

(a) Ceangaltais Airgeadraí Eachtracha agus Todhchaíochtaí

Tá tugtha anseo thíos cuntas ar phríomhshuim bharúlach agus ar ghnóthachan / (chailteanas) na gconarthaí díorthacha airgeadra a rinne an Bainisteoir agus na bainisteoirí infheistíochta thar ceann an Chiste:

	2014 Príomhshuim Ainmniúil €m	2014 Gnóthachan / (Cailteanas) Neamhréa- daithe €m	2013 Príomhshuim Ainmniúil €m	2013 Gnóthachan / (Cailteanas) Neamhréa- daithe €m
GBCN				
Réamhchonarthaí i Malairt Eachtrach	--	--	1,509	34
Bainisteoirí Infheistíochta				
Conarthaí i Malairt Eachtrach	--	--	253	--
Todhchaíochtaí Airgeadais	--	--	(576)	(18)
				16

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

10. CEANGALTAIS (ar lean)

(a) Ceangaltais i ndáil le hAirgeadraí Eachtracha agus le Todhchaíochtaí (ar lean)

Conarthaí i Malairt Eachtrach

Tá de nós ag an gCiste riosca ó thaobh na n-airgeadraí eachtracha de a fhálú trí leas a bhaint as réamhchonarthaí malairt eachtrach.

Níor éilíodh ar bhainisteoirí infheistíochta an Chiste neamhchosaint ar airgeadraí a fhálú. Ní raibh cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste spotchonarthaí ná conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh le hidirbhearta urrúis a ghlanadh ach amháin nuair a bhí siad in oiriúint leis an Ráiteas maidir le Cuspóirí agus Sriantaí na nInfheistíochtaí a bhí comhaontaithe leis an gCiste.

Seasann an luach barúlach d'iomlán na gconarthaí i malairt eachtrach a bhí amuigh amhail ag deireadh na bliana. Tugtar suíomh gearr le fios i gcás luach barúlach diúltach.

Todhchaíochtaí Airgeadais

Ní raibh cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste conarthaí todhchaíochtaí a dhéanamh ach amháin nuair a bhí siad in oiriúint leis an Ráiteas maidir le Cuspóirí agus Sriantaí na nInfheistíochtaí a bhí comhaontaithe leis an gCiste.

(b) Ceangaltais Infheistíochta Neamhghlaoite

Rinne an Ciste ceangaltais i leith cineálacha áirithe infheistíochta, mar atá leagtha amach thíos. Aistríodh na ceangaltais chaipitil neamhghlaoite i leith na n-infheistíochtaí seo, i dteannta na n-infheistíochtaí féin, ón gCiste chuig CISE ar an 22 Nollaig 2014, tráth ar cuireadh tús leis na codanna bainteacha den Acht um GBCN.

	2014 €m	2013 €m
Infheistíochtaí Neamhghlaoite		
Infheistíochtaí Infreastruchtúir	--	185
Infheistíochtaí Cothromais Phríobháidigh	--	176
Infheistíochtaí Cothromais FBM	--	170
Infheistíochtaí Creidmheasa FBM	--	126
Infheistíochtaí Réadmhaoine	--	55
Iomlán na nInfheistíochtaí Neamhghlaoite	--	712
Íasachtaí agus Infháltais		
Fiachas Eile	--	90
Comhpháirtíocht Phríobháideach Phoiblí	--	78
Infheistíochtaí Creidmheasa FBM	--	34
Iomlán na nÍasachtaí agus na nInfháltais	--	202
Iomlán na gCeangaltas Neamhghlaoite	--	914

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

11. DLITEANAS THEAGMHASACHA

Is í tuairim an Choimisiúin nach raibh aon dliteanas theagmhasacha ábharacha ag an gCiste amháil ar an 31 Nollaig 2014 (2013: Nialas).

12. IASACTÚ URRÚS

Trí chláir a ndéanadh a Thaisceánach Domhanda bainistiú air, thugtaí cuid de na hurrúis sa Chiste ar iasacht ó am go chéile.

D'fhaigheadh an Ciste ioncam ón Taisceánach Domhanda ó na hurrúis a thugtaí ar iasacht. Thuil an Ciste €0.6m mar thoradh ar urrúis a thabhairt ar iasacht i rith 2014 (2013: €1.9m).

Tugadh urrúis ar iasacht do chontrapháirtithe formheasta a chomhlíon na critéir chreidmheasa. Rinneadh na hiasachtaí a urrú le comhthaobhacht i bhfoirm bannaí rialtais; bannaí de chuid eistheoirí osnáisiúnta sonraithe; bascaeid innéacs cothromais shonraithe agus airgead tirim. Bhí ar an Taisceánach Domhanda comhthaobhacht 102% de luach margaidh na n-urrús a tugadh ar iasacht a choinneáil sa chás go raibh an chomhthaobhacht san airgeadra céanna is a bhí na hurrúis a tugadh ar iasacht agus 105% sa chás nach raibh an chomhthaobhacht san airgeadra céanna is a bhí na hurrúis a tugadh ar iasacht. Más rud é gur thit luach na comhthaobhachta faoi na teorainneacha riachtanacha, d'iarr an Taisceánach Domhanda comhthaobhacht bhreise ar an gcontrapháirtí ionas go mbeadh na riachtanais chomhthaobhachta comhlíonta arís an lá dár gcionn.

Ar an 31 Nollaig 2014 bhí luach margaidh na n-urrús a bhí tugtha ar iasacht cothrom le €Nialas (2013: €162.6m). Bhí ag an gCiste comhthaobhacht Nialas (2013: 104.8%) de luach margaidh na n-urrús a bhí tugtha ar iasacht.

13. COMHPHÁIRTITHE GAOLMHARA

(a) An tAire Airgeadais

Mar atá leagtha amach i nóta 4, bhí ranníocaíochtaí le déanamh ag an Aire Airgeadais leis an gCiste trí mhúirear bliantúil ar an gCiste Lárnach, ar mhúirear é a bhí coibhéiseach le 1% den Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) faoi alt 18 den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*. Rinneadh an tAcht sin a leasú in 2010 leis an *Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010* chun foráil a dhéanamh go mbeadh an ranníocaíocht bhliantúil ní ba lú ná 1% de OTN, nó nach ndéanfaí aon ranníocaíocht leis an gCiste. Rinneadh foráil in I.R. 584, Ordú faoin *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000* (Cur ar Fionraí Ranníocaíocht an Stáitcheiste), 2012 nach ndéanfaí aon ranníocaíocht leis an gCiste in 2012 ná in 2013.

Sonraítear i Sceideal 4 den Acht um GBCN nach bhfuil feidhm ag alt 18(2) den Acht um CNP, 2000 "sa bhliain ina gcuirfeadh an Ciste ar bun". Tháinig na codanna ábhartha den Acht um GBCN i bhfeidhm ar an 22 Nollaig 2014, rud a fhágann nach ndearna an tAire Airgeadais aon ranníocaíocht leis an gCiste in 2014.

Cheap an tAire Airgeadais Coimisinéirí an Chiste de bhun Alt 7 den Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000.

(b) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 21 (2) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*, ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar Bhainisteoir ar an gCiste ag an gCoimisiún ó 2 Aibreán 2001 ar feadh 10 mbliana. I ndiaidh éag an cheapacháin seo, athcheapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar Bhainisteoir ar feadh cúig bliana ó 2 Aibreán 2011 de réir alt 21 (3) den *Acht um Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000*.

Cuireadh CISÉ ar bun an 22 Nollaig 2014 de bhun alt 38(1) den Acht um GBCN. D'athraigh sócmhainní agus dliteanas an Chiste ina sócmhainní agus dliteanas de chuid CISÉ tráth ar cuireadh tús le hAlt 38(2) den Acht um GBCN ach amháin i gcás roinnt sócmhainní agus dliteanas eachtracha.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

13. COMHPHÁIRTITHE GAOLMHARA (ar lean)

(b) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (ar lean)

An 22 Nollaig 2014 aistríodh na sócmhainní uile a bhí faoi rialú dhlí na hÉireann ó Choimisiún CNP chuig GBCN uathu féin (tráth ar athraigh siad ina sócmhainní de chuid CISE). Níl ach aon choimisinéir amháin (.i. Príomhfheidhmeannach GBCN) i gCoimisiún CNP ó shin i leith, duine a n-éilítear air leis an Acht um GBCN a mhéid is féidir leis a dhéanamh, le réasún, chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá faoi rialú dlí eachtrach go fóill.

14. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, rinne an Ciste bainistiú gníomhach ar réimse rioscaí airgeadais, riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta san áireamh. Rinne an Ciste rioscaí a shainaithint agus a thomhas agus rinne sé faireachán orthu trí mheicníochtaí rialála éagsúla mar atá leagtha amach sna codanna atá le teacht. Is é an euro bunairgeadra an Chiste. Déantar na torthaí tomhaiste agus na rioscaí punainne a ndéantar monatóireacht orthu a chomhshuimiú le chéile.

Bhí an Coimisiún freagrach as an riosca a bhain leis an bPunann Lánroghnach, ach is é an tAire Airgeadais a bhí freagrach as an riosca a bhain leis na hInfheistíochtaí Treoraithe. Ní thagraíonn an nóta seo ach don riosca airgeadais sa Phunann Lánroghnach.

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis

Is éard atá sa riosca margaidh ná an riosca go mbeadh ar an gCiste plé a dhéanamh le cailteanas mar thoradh ar athruithe diúltacha ar luach cóir ionstraimí airgeadais an Chiste de bharr luaineachta i dtosca riosca amháil rátaí úis, rátaí malairte eachtraí, agus margadhpraghasanna. Ba í an príomhfhoinsé riosca don Chiste an dearbhriosca margaidh a bhí i leithdháileadh straitéiseach acmhainní nó tagarmhairc an Chiste. Áirítear ar an riosca margaidh luaineacht i ngnáthscaireanna, i bpraghas bannaí agus infheistíochtaí eile, i rátaí airgeadra agus i rátaí úis. Rinne an Coimisiún gach iarracht an toradh féideartha a uasmhéadú ach an luaineacht a choinneáil laistigh de theorainneacha réasúnacha ag an am céanna trí infheistíochtaí an Chiste a éagsúlú sna haicmí éagsúla sócmhainne.

I bhfianaise na n-athruithe suntasacha a rinneadh ar an gCiste ó 2009, na n-éileamh leachtachta a bhí i ndán don Chiste, agus na neamhchinnteachta a bhí ann ó thaobh chuspóir agus sainordú an Chiste de, chuir an Coimisiún tús le Straitéis um Chaomhnú Caipitil in 2011, rud a leanadh ar aghaidh leis in 2012, in 2013 agus in 2014, d'fhonn méid áirithe cosanta a thabhairt i gcoinne aon lagduithe a d'fhéadfadh a theacht ar an margadh cothromais agus chun roinnt rannpháirtíochta a éascú dá n-éireadh go maith leis na margaidh.

Rinne an Bainisteoir faireachán laethúil ar dhearbhríosca margaidh an Chiste (tomhas ex-ante) agus ar fheidhmíocht an Chiste (tomhas ex-post).

Ba é seo an rialú ríthábhachtach i leith maoirsiú a dhéanamh ar an riosca iomlán a bhí ann sa Chiste. Tá anailís níos mionsonraithe ar na codanna de riosca margaidh an Chiste léirithe sna nósanna imeachta bainistíochta riosca a bhfuil cur síos breise déanta orthu sa nóta seo den chuid is mó.

Cuimsíonn riosca margaidh trí shaghas riosca: praghasriosca, riosca airgeadra agus riosca ráta úis.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)

(i) Praghasriosca

Is éard atá sa phraghasriosca ná an riosca go luaineodh luach sócmhainne ina hairgeadra áitiúil mar gheall ar athruithe ar an margadhphraghas, de bharr tosca a bhaineann go sonrach leis an ionstraim airgeadais aonair nó lena heisitheoir, nó tosca a bhfuil éifeacht acu ar na hionstraimí airgeadais chomhchosúla a thrádáiltear sa mhargadh.

Neamhchosaint Praghasriosca

Is é an t-uasluach sócmhainne a bhí neamhchosanta ar phraghasriosca ar an 31 Nollaig 2014 ná luach na sócmhainní infheistíochta mar atá leagtha amach sa tábla seo a leanas:

Neamhchosanta ar Phraghasriosca

	2014 €m	2013 €m
Infheistíochtaí Luaite ¹	--	3,292
Infheistíochtaí Neamhluaite	--	677
Réadmhaoin	--	347
Foraoiseacht	--	37
Cothromas Príobháideach	--	126
Infreastruchtúr	--	86
Infheistíochtaí Feabhsaithe Airgid	--	849
(Glan)Ionstraimí Díorthacha	--	16
Iomlán	--	5,430
Cosanta ar Phraghasriosca		
Airgead tirim	--	792
Iomlán Shócmhainní Infheistíochta an Chiste Lánroghnaigh	--	6,222

Bainistíocht Praghasriosca

Rinne an Bainisteoir monatóireacht ar an bpraghasriosca a bhí de dhlúth agus d'inneach sa phunann infheistíochta trí rochtain iomlán, thráthúil ar fhaisnéis ábhartha a chinntiú ó bhainisteoirí infheistíochtaí an Chiste. Tháinig an Coimisiún le chéile go rialta agus rinne siad athbhreithniú ar cén chaoi a raibh ag éirí leis na hinfeistíochtaí ag gach cruinniú.

(ii) Riosca Airgeadra

Is éard atá sa riosca airgeadra ná an riosca go luaineodh luach sócmhainne nó dliteanais de bharr athruithe ar rátaí malairte airgeadra. Ba é an euro bunairgeadra an Chiste. Bíodh sin mar atá, bhí sócmhainní infheistíochta ag an gCiste a bhí ainmnithe in airgeadraí seachas an euro agus, dá bhrí sin, d'imir luaineacht i rátaí malairte eachtraí tionchar orthu.

Bainistíocht Riosca Airgeadra

Bhí de nós ag an gCiste riosca ó thaobh na n-airgeadraí eachtracha de a fhálú trí leas a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach (Féach Nóta 10(a)). Maidir le cothromais fhorbartha luaite, d'úsáid an Ciste réamhchonarthaí i malairt eachtrach chun neamhchosaint airgeadra a choimeád ag 50% de neamhchosaint ar airgeadra eachtrach i gcás bhunshealúchas an Chiste. Maidir leis na hinfeistíochtaí réadmhaoinne agus cothromais phríobháidigh a bhí aige, d'fhálaigh an Ciste 50% dá chuid infheistíochtaí

(1) Laghdaiodh neamhchosaint an Chiste ar infheistíochtaí luaite €553m in 2013 trí úsáid a bhaint as conarthaí todhchaíochtaí (nach bhfuil san áireamh sa tábla thuas). Bhí céadroghanna ar dhíol ar an innéacs cothromais ag an gCoiste chomh maith, a raibh a luach ainmniúil cothrom le €1,461m in 2013.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)

(ii) Riosca Airgeadra (ar lean)

cothromais phríobháidigh nach raibh ainmnithe in euro agus 100% dá chuid infheistíochtaí réadmhaoine nach raibh ainmnithe in euro. D'fhritháirigh an gnóthachan / (caillteanas) ar na réamhchonarthaí i malairt eachtrach seo an t-athrú ar luach infheistíochtaí an Chiste nach raibh ainmnithe in euro de bharr gluaiseachtaí sa ráta malairte.

Ní raibh aon infheistíochtaí sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014 a bhí neamhchosanta ar an riosca airgeadra.

Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 2013

	Airgeadra Áitiúil €m	Bunairgeadra €m	Fálú €m	Glan-neamhcho- saint €m
Dollar na Stát Aontaithe	2,350	1,704	(879)	825
Yen na Seapáine	2,524	18	(17)	1
Punt Steirling	128	154	(91)	63
Dollar Hong Cong	1,011	95	(16)	79
Dollar na hAstráile	65	42	(20)	22
Dollar Cheanada	82	56	(27)	29
An Franc Eilvéiseach	45	36	(19)	17
Eile	Ilchineálach	258	(21)	237
Iomlán		2,363	(1,090)	1,273

(iii) Riosca Ráta Úis

Is éard atá sa riosca ráta úis ná an riosca go luaineodh sreabhaí airgid ionstraime airgeadais, agus luach ionstraime airgeadais, de bharr athruithe ar rátaí úis an mhargaidh. Bhí infheistíochtaí ioncaim sheasta an Chiste soghabhálach i leith athruithe luacha de bharr luaineachta i rátaí úis an mhargaidh.

Neamhchosaint ar an Ráta Úis

Tá leagtha amach sa tábla seo a leanas luach na n-urrús a raibh ús seasta acu agus a bhí neamhchosanta ar an riosca ráta úis amhail ar an 31 Nollaig:

Infheistíochtaí a raibh ús seasta ag gabháil leo

	2014 €m	2013 €m
Suimeanna a thiocfaidh in aibíocht laistigh d'aon bhliain amháin	--	852
Suimeanna a thiocfaidh in aibíocht idir 1 bhliain amháin agus 5 bliana	--	423
Suimeanna a thiocfaidh in aibíocht tar éis 5 bliana	--	240
Iomlán na nInfheistíochtaí a bhfuil Ús Seasta ag gabháil leo	--	1,515

Léiríonn an tábla seo sciar na sócmhainní airgeadais atá neamhchosanta ar athruithe ar riosca ráta úis. Ar chúiseanna nochtaithe, cuireadh sócmhainní a raibh ús seasta ag gabháil leo san áireamh le neamhchosaintí ar an bpraghasriosca agus ar an riosca ráta úis.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

(a) Riosca Margaidh - Praghas, Airgeadra agus Rioscaí Ráta Úis (ar lean)

(iii) Riosca Ráta Úis (ar lean)

Bainistíocht Riosca Ráta Úis

Thug an Ciste aird ar na héifeachtaí féideartha a bheadh ag athrú ar rátaí úis ar luach cóir sócmhainní airgeadais a raibh ús ag gabháil leo nuair a rinneadh cinntí infheistíochta.

(b) Riosca Creidmheasa

Is é atá i riosca creidmheasa an riosca go dtabhódh an Ciste caillteanas dá mainneodh contrapháirtí a oibleagáidí i leith an Chiste a chomhlíonadh.

Neamhchosaint ar Riosca Creidmheasa

D'eascair an príomhriosca creidmheasa a raibh an Ciste neamhchosanta air as na hinfeistíochtaí a bhí ag an gCiste in urrúis airgid thirim agus fiachais. Luacháladh sócmhainní an Chiste ar a luach cóir, a léirigh measúnú an mhargaidh ar dhóchúlacht agus ar éifeacht mheasta mainneachtana. Rinneadh bainistiú ar an riosca creidmheasa, mar sin, trí thagairt do phraghasriosca an mhargaidh go príomha. Bhí an Ciste faoi réir an riosca creidmheasa contrapháirtí ar dhíorthaigh thrádála, ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim chomh maith.

Is í an uas-neamhchosaint ar an riosca creidmheasa ar an 31 Nollaig luach tugtha anonn na sócmhainní airgeadais, mar atá leagtha amach thíos.

Ní raibh aon sócmhainní airgeadais sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014 a bhí neamhchosanta ar an riosca creidmheasa.

	2014 €m	2013 €m
Urrúis Fiachais Chorparáideacha	--	863
Infháiltais Fhadtréimhseacha	--	330
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim	--	1,641
Ioncam Fabhráithe ó Infheistíochtaí	--	20
Díorthaigh	--	18
Iomlán	--	2,872

Bainistíocht Riosca Creidmheasa

Ba é ba chúis le bainistiú a dhéanamh ar an riosca creidmheasa ná an éifeacht a bheadh ag mainneachtain contrapháirtí ar shócmhainní airgeadais an Chiste a íoslaghdú. Tríd an mbainisteoir bhí sé mar aidhm ag an gCiste a neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí a mhaolú trí fhaireachán a dhéanamh ar mhéid a neamhchosanta creidmheasa ar chontrapháirtithe, agus ar acmhainneacht creidmheasa a chomhpháirtithe, lena n-áirítear teorainneacha cuí neamhchosanta a shocrú. Roghnaíodh contrapháirtithe bunaithe ar a rátáil airgeadais, ar a dtimpeallachtaí rialála agus ar dhálaí áirithe eile.

Tugtar cuntas sa chuid seo a leanas ar na polasaithe bainistíochta riosca ar glacadh leo i leith na sócmhainní airgeadais a bhí neamhchosanta ar an riosca creidmheasa:

Maidir le hurrúis a raibh ús ag gabháil leo, breathnaíodh ar rátáil chreidmheasa an eisitheora i gcásanna ina raibh teorainneacha creidmheasa i bhfeidhm chun an riosca mainneachtana don Chiste a íosmhéadú. Rinneadh infheistíochtaí i réimse leathan earnálacha tionsclaíochta agus eisitheoirí d'fhonn an riosca creidmheasa a laghdú.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

14. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS (ar lean)

(b) Riosca Creidmheasa (ar lean)

Bainistíocht Riosca Creidmheasa (ar lean)

D'éascair ionstraimí airgeadais díorthacha, ba chúis leis an riosca creidmheasa a ghiniúint, as réamhchonarthaí an Chiste i malairt eachtrach agus as conarthaí babhtála airgeadraí. Ní dhearnadh réamhchonarthaí i malairt eachtrach ach le contrapháirtithe formheasta de réir teorainneacha sainithe. D'fhonn rioscaí creidmheasa a eascraíonn as idirbhearta díorthaigh a mhaolú, i gcásanna áirithe chuaigh an Ciste isteach in ITCanna Tacáiochta Creidmheasa (ITCanna) lena chontrapháirtithe margaidh. I gcás ITCanna bhí ar chontrapháirtithe comhthaobhacht a phostáil i ndálaí sonraithe.

Socraíodh réamhchonarthaí i malairt eachtrach trí Shocrú Ceangailte Leanúnach (SCL), .i. réamh-chomhoiriúnaíodh trádálacha roimh an dáta socraithe d'fhonn teorainn a chur leis an riosca mainneachtana. Choinnigh Taisceánach Domhanda an Chiste, Bank of New York Mellon, urrúis an Chiste i gcuntais leithscartha d'fhonn riosca chailteanas luacha na n-urrús arna gcoimeád ag an Taisceánach Domhanda a íoslaghdú. Má theipeann air, d'fhéadfadh go lagófaí cumas an Chiste na hurrúis a aistriú go sealadach. Tá Taisceánach Domhanda an Chiste ina bhall de mhalartán mór urrús agus bhí rátáil chreidmheasa A1 aige ó Moody's ar an 31 Nollaig 2014 (2013: A1). Dhéanadh an Bainisteoir athbhreithniú ar rátáil chreidmheasa an taisceánaigh dhomhanda ar bhonn rialta.

(c) Riosca Leachtachta

Is éard atá sa riosca leachtachta ná an riosca go mbeadh deacrachtaí ag an gCiste a oibleagáidí a chomhlíonadh tráth a mbeadh siad dlite. D'éascair an riosca sin don Chiste go príomha as luach cheangaltais an Chiste do chomhpháirtíochtaí teoranta réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh agus costais oibriúcháin leanúnacha.

Bainistíocht Riosca Leachtachta

Rinneadh an Ciste faireachán ar a neamhchosaint ar an riosca leachtachta trí fhaireachán a dhéanamh ar leachtacht a phunainne infheistíochta agus trí leibhéal chuí sócmhainní leachtacha a choimeád.

15. IMEACHTAÍ DÁ ÉIS SIN

Is casta an rud é aistriú dlíthiúil sócmhainní eachtracha agus bhí roinnt sócmhainní eachtracha fós sa Chiste amhail ar an 31 Nollaig 2014. Nuair a bheidh na sócmhainní ar fad aistrithe chuig CISÉ, déanfar Coimisiún CNP a lánscor.

Níorbh ann d'aon teagmhas suntasach eile a raibh tionchar aige ar an gCiste amhail ar an 31 Nollaig 2014.

Ba é luach na sócmhainní a bhí fós sa Chiste amhail ar an 30 Aibreán 2015 ná €240m.

16. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Coimisiún na ráitis airgeadais ar an 15 Meitheamh 2015.



Coimisiún an Chúlchiste Náisiunta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

Foirgneamh an Státchiste,
Sráid na Canálach Móire,
Baile Átha Cliath 2, Éire.

Foirgneamh an Státchiste,
Grand Canal Street,
Dublin 2, Ireland

T: (+353 1) 238 4000
info@nprf.ie
www.nprf.ie